

BHORD UM IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
2022

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2022

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí ar an 25 Márta 2003 faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000.

Fanann cóipcheart na tuarascála seo leis an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí de thairbhe alt 35(5) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid eile de a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur ar dhóigh ar bith gan cead sainráite an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí.

Is féidir an tuarascáil seo a úsáid mar áis oideachais.

Foilsithe ag an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí © 2023

# Clár Ábhair

## Cuid 1


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| 2. | Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta | 7 |
| 3. | Réamhrá ar Theagmhais agus ar Imscrúduithe | 10 |
| 4. | Achoimre ar Theagmhais na Bliana 2022 | 11 |
| 5. | Achoimre de na Tuarascálacha a Foilsíodh i rith 2022 | 16 |
| 6. | Comparáid idir Thaismí Muirí 2013 - 2022 | 23 |
| 7. | Treochtaí Báis 2013 - 2022 | 24 |
| 8. | Aguisín A | 25 |


## Cuid 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022 29

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Claire Callanan,**
Cathaoirleach

A Aire, a chara,

De réir mar a éilítear faoi Roinn 21 an Achta um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000 cuirim, faoi do bhráid an fichiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

### Forbhreathnú ar 2022

Chuir an BITM tús le himscrúduithe ar 11 thaismeach muirí in 2022, ocht gcinn acu sin in 2022, dhá cheann in 2021, agus ceann amháin in 2020. Níor bhásaigh aon duine sna taismí muirí seo a bhí faoi imscrúdú.

Rinne an Bord 74 teagmhas eile a mheas lenar bhain comhpháirtíocht idir an BITM agus comhlachtaí imscrúdaithe taisme stát eile. Tugadh le fios gur mionteagmhais a bhí i gceist leo seo go ginearálta agus nár ghá don BITM ná don stát brataí imscrúdú a dhéanamh, nó, gur teagmhais a bhí iontu a raibh imscrúdú á dhéanamh ag an stát brataí ina leith. I roinnt cásanna, bhí ar Éirinn sonraí a íoslódáil ar an Tairseach Eorpach um Imscrúduithe Taismí Muirí (EMCIP)[1].

Le linn 2022 rinne an BITM 14 theagmhas sa bhreis a mheas chun cinneadh a dhéanamh, an raibh imscrúdú de dhíth nó nach raibh. Sna cásanna seo, cinneadh gur mionchásanna a bhí i gceist agus/nó gur bheag an seans go dtiocfadh aon mholtaí breise sábháilteachta chun cinn dá ndéanfaí imscrúdú.

Bunaíodh an BITM 20 bliain ó shin agus faoi dheireadh mhí na Nollag 2022, beidh 255 tuarascáil foilsithe aige maidir le heachtraí a tharla faoina shainchúram reachtúil. D'fhoilsigh an Bord seacht dtuarascáil deiridh maidir le himscrúdú taismí muirí agus trí thuarascáil eatramhacha in 2022.

Cuireadh tús le haon imscrúdú dhéag i rith na bliana, agus tháinig dhá cheann acu sin chun críche in 2022. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 13 imscrúdú san iomlán ar siúl, ar cuireadh tús le naoi gcinn díobh in 2022 (ar foilsíodh dhá cheann díobh in 2023). Áiríodh leo sin imscrúdú amháin a tharla i mí na Samhna 2019, cás inar maraíodh duine i dteagmhas cadhcála ar Abhainn na Carach, Gleann Chárthaigh, Co. Chiarraí. Ba chás casta é seo agus foilsíodh torthaí an imscrúdaithe i mí Feabhra 2023. Tosaíodh trí imscrúdú eile in 2021, ar foilsíodh ceann amháin díobh i mí an Mhárta 2023. Faoi láthair, tá 11 imscrúdú ar siúl, lena n-áirítear dhá imscrúdú a tosaíodh in 2023.

I dTuarascálacha Bliantúla BITM 2020 agus 2021, rinneamar tuairisc ar eachtraí a bhain le spóirt uisce agus le gníomhaíochtaí áineasa uisce. Dhíríomar ar na moltaí d'eagraíochtaí (go háirithe do chlubanna agus d'eintitis tráchtála), chun a gcuid caighdeán sábháilteachta a fheabhsú. I mí Feabhra 2023, tar éis imscrúdú fada ar bhás tragóideach, d'fhoilsíomar tuarascáil a dhírigh ar an gcóras sábháilteachta cadhcála in institiúidí tríú leibhéal. I mo ráiteas chuig an Aire i dTuarascáil Bhliantúil 2021, thagair mé do thuarascáil BITM Uimh. 304, a foilsíodh in 2021, agus do chuid de na moltaí a ndearnadh ann ó thaobh earnáil na cadhcála/canúála de. I mí Aibreáin 2022, chuir BITM tús le himscrúdú ar eachtra thromchúiseach eile a bhain le soláthraí tráchtála cadhcanna. Foilsíodh torthaí an imscrúdaithe seo i dtuarascáil Uimh. 318 i mí Bealtaine 2023. Seisear a bhí i gceist agus ba bheag nár bádh beirt díobh le linn na heachtra. Tá cuid mhór moltaí déanta ag BITM don Aire, don eagraí, do Shábháilteacht Uisce na hÉireann agus d'Aontas Canúála na hÉireann agus Spórt Éireann, lena n-áirítear:

> Ba cheart d'Aontas Canúála na hÉireann, i gcomhar le Spórt Éireann, machnamh a dhéanamh maidir le clár teagascóirí cáilithe a bhunú agus a chur chun cinn agus go mbeadh eolas faoi cháilíochtaí na dteagascóirí seo ar fáil go poiblí.
>
> Ba cheart d'Aontas Canúála na hÉireann, i gcomhar le Spórt Éireann, machnamh a dhéanamh ar scéim a bhunú chun iniúchadh a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais shábháilteachta na gcomhlachtaí atá comhcheangailte leis an gcomhlacht rialaithe náisiúnta seo.
>
> Ba cheart do Shábháilteacht Uisce Éireann machnamh a dhéanamh maidir le gníomhartha chun aird an phobail a tharraingt ar shábháilteacht cadhcála agus maidir le bearta a chur i bhfeidhm chun timpistí cadhcála a chosc.

Molann BITM do na comhlachtaí ar tugadh moltaí dóibh sna tuarascálacha is déanaí céimeanna a ghlacadh chun feabhas a chur ar chórais sábháilteachta, agus géarghá ann le hathrú mar atá cúrsaí faoi láthair.

1. Is bunachar sonraí agus córas dáilte sonraí é an Tairseach Eorpach um Imscrúduithe Taismí Muirí (EMCIP) a bhfuil an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Muirí ina bhun.

Mar thoradh mholtaí BITM, d'fhoilsigh an Roinn Iompair Fógra Muirí sonrach Uimh. 37 i mí an Mheithimh 2022; Comhairle Sábháilteachta riachtanach dóibh siúd a phléann le Canúáil agus le Cadhcáil. Tá an Fógra Muirí seo deartha chun aird a tharraingt ar Chaibidil 7 den Chód Cleachtais (CoP) maidir le hOibriú Sábháilte Árthaí Áineasa i ndáil le Curachóireacht agus Cadhcáil. Tharraing an Fógra aird ar Fhógra Muirí Uimh. 30 de 2020 agus ar Fhógra Muirí Uimh. 31 de 2019 freisin, agus moladh san fhógra arís do chanúnaithe, do chadhcóirí agus d'eagraíochtaí cadhcála agus curachóireachta eolas a chur ar ábhar an CoP agus cloí leis an gcomhairle agus na moltaí sábháilteachta ann.

In 2022, d'aithin BITM roinnt mhaith eachtraí a bhain le básanna agus gortuithe do bhaill foirne ar shoithí iascaireachta lena mbaineann téamaí coitianta; mar shampla, easpa pleanála agus easpa córas sábháilteachta, easpa oiliúna, agus fachtóirí eile a chuireann leis na fadhbanna seo amhail bacainní teanga, droch-chumarsáid, agus tuirse. Léirítear cuid de na saincheisteanna thuasráite seo i dTuarascáil BITM Uimh. 307/2022. Baineann Tuarascáil 302/2022 le bás tragóideach ar shoitheach iascaireachta nach fios go díreach ar chúis leis nó go díreach a tharla agus d'fhéadfadh gur bás de bharr cúinsí nádúrtha a bhí ann.

Is léir nach dtuairiscítear go leor eachtraí ar shoithí iascaireachta don BITM, in ainneoin a mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht. Fiú ón bhfaisnéis theoranta atá ar fáil don BITM ó thuairiscí staide an Gharda Cósta (SITREPanna) is cosúil go bhféadfaí go leor eachtraí a sheachaint trí mheasúnú agus pleanáil sábháilteachta agus trí oiliúint cheart a chur ar an bhfoireann. Mar a luaitear i dTuarascáil BITM Uimh. 302/2022, aithníodh mar chuid den Straitéis Sábháilteachta Muirí go mbaineann cuid mhór de líon na mbásanna muirí le hearnáil na soithí iascaireachta, agus gur soithí atá níos lú ná 15 méadar ar fhad atá i 90% de chabhlach iascaireachta na hÉireann. Is ábhar imní ar leith é sábháilteacht soithí iascaireachta, go háirithe soithí iascaireachta beaga agus meánmhéide. Tá obair aonair agus tuirse i measc na bpríomhthosca a dtarlaíonn bás dá mbarr in earnáil na hiascaireachta.

Ó mhí Aibreáin 2022 i leith, d'fhoilsigh an BITM trí thuarascáil a bhaineann le tine ar bord soithí. Cé go raibh cúinsí éagsúla leis na heachtraí seo, léiríonn siad na contúirtí agus rioscaí níos mó a d'fhéadfadh teacht chun cinn le tinte i gcásanna muirí.

### Reachtaíocht nua

De dheasca chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) i mí Iúil 2020 (a dhearbhaigh nach raibh Éire tar éis Alt 8.1 de Threoir 2009/18/CE a chur i bhfeidhm i gceart) bhí ar Bhord BITM feidhmiú gan ach triúr comhaltaí ann. Ar an 16 Bealtaine 2022, shínigh an tUachtarán an tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismigh Mhuirí a Imscrúdú) (Leasú), 2022 chun foráil a dhéanamh maidir le leasú ar chomhdhéanamh an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí; chun socrú a dhéanamh maidir le fógra a thabhairt don Bhord i dtaobh taismí muirí; chun socrú a dhéanamh maidir le fógra a thabhairt d'Oifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO) maidir le taismí muirí; chun leasú a dhéanamh don mhíniú ar "Coinbhinsiún Sábháltachta" san Acht Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiún Sábháltachta), 1952; agus chun socrú a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara. Tar éis an achtacháin sin, ceapadh comhalta nua amháin don Bhord i mí Lúnasa 2022. Tá áthas orm a thuairisciú gur cheap an tAire triúr comhaltaí breise don Bhord go gairid sular foilsíodh an tuarascáil seo. Cuirim fáilte mhór roimh Phil Murphy, John Carlton agus Deirdre Lane chuig Bord an BITM.

### Athruithe Reachtaíochta

Chuir BITM fáilte roimh fhógra an Aire i mí na Nollag 2022, gur dréachtaíodh Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) chun foráil a dhéanamh d'Aonad lánaimseartha um Imscrúdú Taismí Muirí laistigh den Roinn Iompair. Creideann an Bord go gcuirfidh an struchtúr nua atá beartaithe agus an poitéinseal le sineirgíocht níos fearr le haonaid imscrúdaithe eile atá faoi shainchúram na Roinne feabhas ar imscrúduithe amach anseo ar thaismí muirí agus go gcuirfidh sé le sábháilteacht mhuirí níos fearr san iomlán dá bharr.

Forálann an Scéim Ghinearálta do bhunú an Aonaid um Imscrúdú Timpistí Muirí (AITM) laistigh den Roinn Iompair. Tiocfaidh AITM in áit BITM mar bhuanchomhlacht a bheidh freagrach as imscrúduithe timpistí muirí. Is é príomhfhócas an Bhille ná creat riachtanach a chur ar fáil do AITM chun a chinntiú gur féidir leis feidhmiú go neamhspleách ina eagrú, ina struchtúr dlíthiúil agus ina chinnteoireacht maidir le páirtithe a bhféadfadh a leasanna teacht salach ar na cúramaí a bheadh orthu. Tugann an Scéim Ghinearálta an t-údarás chun rialacha a dhéanamh don Aire Iompair chun an reachtaíocht thánaisteach riachtanach a dhéanamh chun soithí seirbhíse eischósta agus pearsanra tionsclaíoch a rialáil.

Tá an dréachtreachtaíocht seo idir lámha ag tithe an Oireachtais faoi láthair.

I mí Aibreáin 2022, chuir an Bord feachtas earcaíochta i gcrích chun imscrúdaitheoirí breise a chuir leis an bpainéal imscrúdaitheoirí. Daoine neamhspleácha a bhfuil ardleibhéal saineolais theicniúil acu a bhíonn mar chomhaltaí ar an bpainéal.

I mí Aibreáin 2023, cheap an Bord sainchomhairleoir muirí don BITM. Tá an tionscnamh seo ag teacht le Moladh 1 den Athbhreithniú ar na struchtúir eagraíochtúla atá mar bhonn agus mar thaca ag na himscrúduithe ar thimpistí muirí a choimisiúnaíonn an Roinn Iompair.

Dhearbhaigh an Bord don Aire agus don Roinn go dtacóidh an Bord go hiomlán leis an aistriú ón mBord chuig an Aonad nua maidir le taismí muirí a iniúchadh, mar a bhunófar faoin mBille reatha, agus go gcinnteoidh sé go mbeidh leanúnachas sna himscrúduithe leanúnacha agus in imscrúduithe nua.

### Comhthéacs Eorpach agus EMSA

Baineann cuid mhaith den obair atá idir lámha ag an BITM le gníomhú leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Muirí (EMSA) i dtaca le taismí muirí atá laistigh de raon Threoir 2009/18/CE (a cheapann na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú taismí in earnáil iompar muirí). Is gníomhaireacht de chuid an AE í EMSA a bhfuil sé de chúram uirthi saineolas teicniúil agus oibriúcháin a chur ar fáil ar mhaithe le sábháilteacht mhuirí, ullmhúchán agus freagairt i dtaca le truailliú agus slándáil mhuirí a fheabhsú ar fud an AE. Cinntíonn ESMA imscrúdú seasmhach i dtaca le taismí muirí ar fud an AE agus déanann siad dea-chleachtais maidir le sábháilteacht mhuirí, slándáil agus ceisteanna comhshaoil, a roinnt. Tá modheolaíocht curtha i dtoll a chéile ag EMSA chun tabhairt faoi anailís ar shonraí a tuairiscíodh in EMCIP, agus é i gceist acu ceisteanna sábháilteachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn, a aimsiú. Mar is ionann le gníomhaireachtaí eile imscrúdaithe de chuid an AE, tuairiscíonn an BITM sonraí teagmhais mhuirí don EMCIP.

In 2022, chuir EMSA an chéad eagrán den Tuarascáil Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSAFE) i láthair; Ba é an chéad tuarascáil dá leithéid a bhí ann, agus léiríonn sé a ríthábhachtaí agus atá an tsábháilteacht d'earnáil an mhuiriompair san Aontas agus ar fud an domhain. Aithnítear sa tuarascáil *"go bhfuil "tuilleadh dúshlán sábháilteachta romhainn, mar atá soiléir ó thuarascáil EMSAFE, go bhfuil níos mó oibre romhainn anois agus go mbeidh níos mó oibre fós romhainn amach anseo. Tá sábháilteacht long paisinéirí go daingean ag croílár ár gcuid spriocanna, mar aon le sábháilteacht soithí iascaireachta, agus táimid ag tnúth leis na trí athbhreithniú thábhachtacha reachtacha atá le teacht; na Treoracha maidir le Stát an Chalafoirt, an Bratstát agus na Treoracha maidir le hImscrúdú Timpistí."* Aithnítear dúshláin sábháilteachta atá ag teacht chun cinn sa tuarascáil, amhail iad siúd a bhaineann le breoslaí malartacha agus loingseoireacht uathrialaitheach. San achoimre, pléitear saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann go sonrach le teagmhais a bhfuil BITM ag breathnú orthu ó thaobh cáilíochtaí agus oiliúint de. Aithnítear ""*go bhfuil maraithe cáilithe riachtanach chun sábháilteacht oibríochtaí long a áirithiú agus tá siad ríthábhachtach do thodhchaí na hearnála muirí.*" Maidir le soithí iascaireachta, tugtar aitheantas sa Tuarascáil do staitisticí a luadh roimhe seo maidir le sábháilteacht: *"Tá soithí iascaireachta leochaileach go maith ó thaobh timpistí de, sa mhéid is go bhfuil 50% de na timpistí go léir a bhaineann leo an-tromchúiseach nó tromchúiseach, i gcomparáid leis an meán 27% do gach catagóir loinge. Ina theannta sin, cé gurb ionann soithí iascaireachta agus 17% de líon iomlán na long a bhfuil baint acu le timpistí a tuairiscíodh, is ionann líon na soithí iascaireachta a cailleadh agus níos mó ná 55% de líon iomlán na soithí a cailleadh, treocht a aithníodh le blianta beaga anuas.*" Tá tuarascáil EMSAFE agus an t-ábhar gaolmhar ar fad ar fáil ar líne ag http://emsa.europa.eu/emsa

Cuireann EMSA seirbhísí oiliúna ar fáil ar mhaithe le himscrúdaitheoirí taisme an AE agus d'fhógair siad in Aibreán 2022 go raibh acadamh oiliúna le forbairt agus Cúrsa Croíchuraclaim ar mhaithe le himscrúdaitheoirí taisme an AE a gcuirfear tús leis go déanach in 2023. Déanfaidh Acadamh an EMSA oiliúint a sheachadadh i dtaca le hachtanna nua nó leasaithe na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO)/AE agus cuirfidh sé oiliúint oibriúcháin ar fáil agus feidhm á baint acu as gléasanna forbartha agus déanfaidh siad croíchuraclam comhchoiteann a fhorbairt. Cloífidh gach oiliúint a chuirtear ar fáil ag Acadamh EMSA le caighdeáin de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) 9001:2015, ISO 21001:2018 agus ISO 29993:2017. Cuirtear fáilte mhór roimh an bhforbairt seo a chuirfidh le foghlaim leanúnach imscrúdaitheoirí taismí an BITM.

Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le hathbhreithniú i dtaca le reachtaíocht an AE agus tá Treoir nua ar na bacáin sa chéad dá mhí dhéag eile.

### D'fhoilsigh an Roinn Iompair 85 Fógra Muirí in 2022.

Is féidir teacht ar an liosta iomlán anseo gov.ie - Fógraí Muirí 2022 (www.gov.ie)

**Foilsíodh na Fógraí Muirí seo a leanas in 2022, i ndiaidh imscrúduithe agus tuarascálacha an BITM:**

| | |
|---|---|
| 7 de 2022 | Meabhrúchán Sábháilteacht Árthaí Iascaireachta – eachtra mharfach a bhain le soitheach beag iascaireachta (<15m). |
| 31 de 2022 | An tábhacht a Bhaineann le Pleanáil Turais do Shoithí Iascaireachta i gcás Drochaimsire agus Droch-choinníollacha Farraige. |
| 37 de 2022 | Comhairle thábhachtach sábháilteachta dóibh siúd a bhfuil baint acu le Curachóireacht agus Cadhcáil. |
| 42 de 2022 | Comhairle thábhachtach sábháilteachta dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an Rámhaíocht. |
| 55 de 2022 | Teagmhas a Bhain le Tine agus Cailleadh Iomlán Soithigh Iascaireachta 15m – 24m ar Fhad. |

61 de 2022 Ceanglas Éigeantach do gach Ball d'Fhoireann na Soithí Iascaireachta – bunoiliúint sábháilteachta.

## Imscrúduithe seachtracha ar Thaismí

Bíonn gach imscrúdú taismí idir lámha ag imscrúdaitheoirí seachtracha. Tá painéal imscrúdaitheoirí ar fáil don Bhord, lena n-áirítear pearsanra a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu amhail ailtirí cabhlaigh, innealtóirí muirí nó oifigigh deice. Léiríonn an painéal réimse leathan de thaithí agus inniúlacht mhuirí a bhfuil tábhacht leo agus imscrúduithe neamhspleácha idir lámha. Nuair a thugtar faoi imscrúduithe sábháilteachta, is é an príomhchuspóir atá leo ná cosc a chur ar thaismí muirí agus teagmhais mhuirí san am atá le teacht. Níl siad leagtha amach chun dliteanas a dhearbhú nó le milleán a leagan.

Go hiondúil, baineann na céimeanna agus na torthaí seo a leanas le próiseas tipiciúil imscrúduithe:

| | |
|---|---|
| **Fógra** | Nuair a chuirtear an BITM ar an eolas i dtaca le taisme nó teagmhas muirí, ní mór tabhairt faoi mheasúnú le fáil amach ar chóir tabhairt faoi imscrúdú. |
| **Fianaise a bhailiú** | Chomh luath is a chuirtear imscrúdú ar bun, tá tábhacht le fianaise a bhailiú go tapa mar shampla trí agallaimh a chur ar fhinnéithe, chun cúiseanna na heachtra agus ord na n-imeachtaí a thuiscint. |
| **Anailís ar fhianaise** | Ní mór tabhairt faoi anailís i gceart ar fhianaise chun na tosca a bhí mar bhunchúis leis an taisme nó teagmhas muirí, a thuiscint. Dírítear ar thuiscint a fháil ar an gcúis go raibh gníomh nó coinníoll contúirteach mar bhunchúis le taisme agus ar an gcomhthéacs, fisiciúil nó eagraíochtúil inar tharla an taisme nó teagmhas. |
| **Gníomhaíochtaí leasúcháin a dhearbhú** | De réir mar is cuí, molann BITM Moltaí Sábháilteachta i.e. moltaí le haghaidh gníomhartha feabhais chun taismí agus teagmhais mhuirí amach anseo a chosc, don Roinn Iompair agus do na páirtithe eile is feiliúnaí chun na gníomhartha a chur i bhfeidhm. |
| **Tuarascáil** | Ag deireadh an imscrúdaithe foilseofar tuarascáil a chuirfidh, i measc rudaí eile, na cúiseanna agus na fachtóirí a chuireann leis na teagmhais, agus torthaí an imscrúdaithe in iúl. Foilsítear an tuarascáil chun na ceachtanna sábháilteachta a leathnú ar fud an phobail mhuirí. Déantar sonraí i dtaca le taismí muirí a uaslódáil ar EMCIP, ag tacú lena n-anailís. |

## Tuarascálacha a Foilsíodh in 2022

D'fhoilsigh an Bord seacht dTuarascáil Deiridh agus trí Thuarascáil Eatramhacha le linn 2022. Tá fáil ar na mionsonraí san iomlán ar na leathanaigh 16 go 22.

## Imscrúduithe ar cuireadh tús leo in 2022

Chuir an Bord tús le himscrúduithe ar 11 eachtra le linn 2022. Tugtar achoimre ar mhionsonraí na n-eachtraí seo sa tábla thíos. Tá fáil ar sonraí na n-eachtraí seo ar fad ar leathanaigh 11 go 15.

Bhain cúig den 11 eachtra ar ghá imscrúdú a dhéanamh orthu le soithí iascaireachta. Bhí dhá shoitheach lasta ginearálta, dhá árthach áineasa agus dhá shoitheach paisinéirí i gceist.

| Earnáil | Eachtraí | Bánna | Básanna | Gortuithe |
|---|---|---|---|---|
| Iascaireacht | 5 | 1 | 0 | 4 |
| Lasta Ginearálta | 2 | 0 | 0 | 1 |
| Soithí Áineasa | 2 | 0 | 0 | 0 |
| Soithí Paisinéirí | 2 | 0 | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **11** | **1** | **0** | **6** |

### Soithí Iascaireachta

Bhain cúig theagmhas le soithí iascaireachta.

- Ball den chriú gortaithe i mBinn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath.
- Soitheach caillte, Co. Chorcaí.
- Ball den chriú gortaithe, Co. Chiarraí.
- Beirt den chriú gortaithe, Co. Lú.
- Imbhualadh sa Daingean, Co. Chiarraí.

**Lasta Ginearálta**

- Ball den chriú gortaithe soitheach lasta na hÉireann, Obar Dheathain, Albain, An Ríocht Aontaithe (RA) (Tuarascáil Foilsithe 29/11/2022).
- Soitheach lasta de chuid na hÉireann imithe i dtalamh, Cainéal Bhristó, an Ríocht Aontaithe.

**Árthach Áineasa**

Bhí dhá theagmhas a bhain le hárthach áineasa.

- Eachtra a bhain le cadhcanna, Co. Dhún na nGall.
- Luamh Rása dulta i dtalamh, Co. Chorcaí.

**Soithí Paisinéara**

Bhain dhá eachtra le soithí paisinéirí.

- Eachtra a bhain le dhá bhád farantóireachta paisinéirí ag Calafort Ros Láir, Co. Loch Garman (Tuarascáil foilsithe 22/12/2022).
- Ball den chriú gortaithe ar bhád oibre Fish Farm (soitheach paisinéirí), Co. na Gaillimhe.

Tá táblaí mionsonraithe de na heachtraí a tharla sna blianta 2013 go 2022 le fáil ar leathanaigh 23 agus 24 den tuarascáil seo. Tugtar achoimre ar na heachtraí ar fad a tharla sna blianta seo sa tábla thíos:

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Básanna | 6 | 5 | 5 | 9 | 6 | 8 | 6 | 4 | 0 | 0 |
| Gortuithe | Nil | 1 | 0 | 14 | Nil | Nil | 1 | 2 | 2 | 6 |
| Soithí atá i gceist | 6 | 7 | 7 | 15 | 5 | 5 | 7 | 8 | 8 | 21 |

**Eiticí in Oifigí Poiblí**

I rith 2022, bhí gach comhalta den Bhord ag comhlíonadh na bhforálacha agus na riachtanais is infheidhme de réir na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

**Nótaí Buíochais**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord, a roinn a gcuid ama agus a gcuid saineolais go flaithiúil leis an BITM le bliain anuas.

B'éigean dúinn slán a rá leis Frank Cronin, comhghleacaí linn a bhfuil meas mór againn air, agus deireadh tagtha lena théarma oifige, toisc nach gceadaítear síneadh ama eile faoin reachtaíocht. Is Árachóir Cairte é Frank, Comhalta den Instiitiúid Árachais Chairte, a bhfuil bainistíocht riosca agus atháráchas mar speisialtóireacht ann, agus is Comhlach é den Instiitiúid Árachais Chairte 1986. Tá Teastas Inniúlachta Gaile & Mótair Aicme 1 Innealtóir Mara aige 1981 mar aon le Dioplóma Náisiúnta san Innealtóireacht Mhuirí 1973 agus Teastas Náisiúnta san Innealtóireacht Mheicniúil 1972 mar aon le taithí fhairsing seoltóireachta pearsanta bheith aige ar fud an domhain. Taobh amuigh dá cháilíochtaí acadúla agus teicniúla, roinn Frank a chuid ama agus saineolais go flaithiúil, agus chuir sé go mór le doimhneacht agus castacht thuarascálacha BITM le blianta beaga anuas.

I mí Lúnasa 2022, chuireamar fáilte roimh an Uasal Keith Patterson chuig an mBord. Tá Stádas Innealtóir Cairte ag Keith leis an gComhairle Innealtóireachta agus le Ball-Institiúid Innealtóireachta, Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mara. Is Innealtóir Cairte (CEng)/Innealtóir Mara Cairte (CMarEng) é agus tá an teideal gairmiúil EUR ING aige (Innealtóir Eorpach arna bhronnadh ag FEANI (Cónaidhm Eorpach na gCumann Innealtóireachta Náisiúnta)). Tá Keith ar scor ón nGníomhaireacht um Shábháilteacht Mhuirí/ón nGníomhaireacht Muirí agus Garda Cósta, áit a raibh sé ina Phríomh-Shuirbhéir Comhairleach ar Shoithí Iascaireachta agus Cóid, ina Scrúdaitheoir Innealtóirí agus ina Iniúchóir ISM.

Ní fhéadfaí tabhairt faoin obair imscrúdaithe gan tiomantas agus saineolas ár n-imscrúdaitheoirí agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo chomh maith. Tá fáilte curtha againn roimh imscrúdaitheoirí nua chuig ár bpainéal in 2022 agus is mór againn an saineolas éagsúil atá acu.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl thar ceann an Bhoird, do Rúnaí an Bhoird agus dá Rúnaíocht. Tréaslaím leo as an obair a rinneadh i rith na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas leat, a Aire, a chuir ar taifead, as an gcabhair a chuir tusa agus do chuid oifigigh sa Rannán Beartais um Shábháilteacht Mhuirí, ar fáil don Bhord le linn 2022.



CLAIRE CALLANAN
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



**Claire Callanan,**
Cathaoirleach, Dlíodóir



**Dr. Dorothea Dowling,**
Leaschathaoirleach, Árachóir Cairte agus Eadránaí Creidiúnaithe



**Frank Cronin,**
Innealtóir Muirí Grád 1 comhcheangailte, FCII, Árachóir Cairte



**Keith Patterson,**
(Iúil-Nollaig 2022) CEng, CMarENG, Innealtóir Mara Rang 1

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Margaret Bell |
| Rúnaíocht: | Paul Hallissey<br>Diptiben Bhatt |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2 |
| Fón: | 01-6783485 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Suíomh Gréasáin: | www.mcib.ie |

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta faoin mBord um Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an BITM faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000 (“an tAcht”). Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingsiú Ceannaíochta) (Taismí a Imscrúdú) 2011 I.R. Uimh. 276 de 2011 ("na Rialacháin") is é BITM an comhlacht in Éirinn atá sainordaithe chun imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais a thagann faoi réim Threoir AE 2009/18/CE ("an Treoir") lena rialaítear imscrúdú timpistí san earnáil muiriompair.

## Feidhm an Bhoird

Is í feidhm an BITM ná imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear in Alt 2 den Acht agus na Rialacháin. Le linn di a cuid feidhmeanna a chur i gcrích comhlíonann an BITM forálacha Cód Imscrúdú ar Thaismí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus an Treoir. Cuirtear an Treoir i bhfeidhm i nDlí na hÉireann, le Rialachán (I.R. UIMH. 276 DE 2011) agus ní bhaineann sé ach le cuid de na teagmhais atá faoi imscrúdú. Tugtar faoi imscrúduithe laistigh de raon na Treorach, de réir riachtanais na Treorach agus an Mhodheolaíocht Chomhchoiteann mar atá leagtha amach i Rialachán an Choimisiúin (AE) Uimh.1286/2011 ó 9 Nollaig 2011.

**De réir an Achta, ciallaíonn Taisme Mhuirí aon eachtra nó próiseas a bhfuil an bhagairt seo mar thoradh air nó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air:**

(a) bás nó gortú tromchúiseach duine;

(b) duine a chailleadh thar bord;

(c) cailleadh suntasach nó sáinniú, damáiste, nó imbhualadh a tharlaíonn do shoitheach nó do réadmhaoin; nó

(d) damáiste suntasach don chomhshaol,

i dtaca le feidhmiú:

(i) soithigh in uisce na hÉireann;

(ii) soithigh atá cláraithe in Éirinn, in uisce ar bith; nó

(iii) soithigh a bhíonn lonnaithe nó feistithe in uisce na hÉireann go hiondúil agus atá faoi smacht áitritheora de chuid an Stáit, in uisce idirnáisiúnta atá le taobh uisce na hÉireann.

**Is é cuspóir gach imscrúdaithe ná:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme muirí a dheimhniú.
2. An taisme mhuirí a thuairisciú d'fhonn moltaí a dhéanamh chun taismí muirí dá leithéid a sheachaint sa todhchaí.

***Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara NACH é cuspóir an imscrúdaithe an locht nó an milleán a chur ar dhuine nó ar ghrúpa éigin. Ní bhaineann ionchúiseamh leis an mBord. Aon ionchúiseamh a eascraíonn as aon taisme, is í feidhm Comhlachtaí Reachtúla ar nós an Gharda Shíochána, srl., déileáil leis.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách an BITM atá maoinithe ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Seoltar cóip de thuarascáil deiridh gach imscrúdaithe ar aghaidh chuig an Aire le go ndéanfar breithniú ar na moltaí atá ann.

Cuirtear gach tuairisc ar fáil don phobal (ach iarraidh orthu) saor in aisce nó is féidir teacht orthu trí shuíomh gréasáin BITM ag www.mcib.ie.

# Teagmhais agus Imscrúduithe
2022

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2022

# Réamhrá

Ó bunaíodh an Bord in 2002, agus go dtí deireadh 2022, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord faoi 255 cás.

Léiríonn na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaí a bhí i gceist agus a spreag gach eachtra, agus tugann siad léargas áirithe don léitheoir ar ábhar agus obair an Bhoird. Úsáidtear an leagan amach céanna do gach tuarascáil chun deis a thabhairt do dhaoine comparáidí a dhéanamh le heachtraí agus tuarascálacha na blianta roimhe seo.

Tá gach tuarascáil foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, agus tá siad ar fáil ar iarratas ón Rúnaíocht.

# Achoimre ar na hEachtraí a ndearnadh Imscrúdú orthu a Tharla le Linn 2022

1st January to 31st December 2022

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Stena Europe - Connemara** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Dhá Bhád Farantóireachta |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Neasimbhualadh |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Tharla neasimbhualadh idir dhá bhád farantóireachta mhóra díreach taobh amuigh de mhuirmhúr Chalafort Ros Láir, Co. Loch Garman, rud a d'fhág go ndeachaigh na báid fharantóireachta thart ar 100m óna chéile. Tháinig an soitheach isteach, an Connemara, isteach ó Bilbao sa Spáinn; Bhí sé beartaithe le teacht ar 08.15 uair an chloig (uaire). Tháinig an soitheach seo go luath agus d'iarr Rialú Chalafort Ros Láir ar an gcriú fanacht taobh amuigh den chuan in aice le baoi West Holdens. Bhí an soitheach amach, Stena Europe, le seoladh chuig Fishguard sa Ríocht Aontaithe ar 07.30. Níor chloígh an soitheach Connemara le treoracha Rialú Chalafort Ros Láir agus seachas fanacht taobh amuigh den chuan, chuaigh siad i dtreo an mhuirmhúir. Thug Rialú Chalafort Ros Láir cead do Stena Europe seoladh agus sheol siad, gan a fhios acu go raibh Connemara ag teannadh leis an muirmhúr. Tháinig an dá bhád i ngar dá chéile díreach in aice leis an muirmhúr. B'éigean don dá bhád gníomh a dhéanamh chun imbhualadh a sheachaint, rud a d'fhág go raibh neasimbhualadh ann. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Donegal Kayaking Incident, Mulroy Bay, Co.Donegal** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Cadhcanna Éagsúla |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Teagmhas cadhcála |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Chuaigh seisear cadhcóirí amach ar thuras cadhcála maidine ar Chuan na Maoile Rua, Co. Dhún na nGall. Is loch taoide farraige é seo a shíneann 19 gciliméadar (km)/10 muirmhíle (NM) intíre ó chósta an Atlantaigh Thuaidh. Turas tráchtála, treoraithe a bhí ann a raibh Eagraí an Turais (an treoraí) agus cúigear rannpháirtithe ann. Ba dhaoine fásta iad na rannpháirtithe ar bheag taithí chadhcála a bhí acu. Níor chaith ach duine amháin de na rannpháirtithe culaith uisce mar chosaint theirmeach i gcoinne éifeachtaí tumoideachais uisce fuar. Éadaí amhail brístí géine agus cótaí geimhridh a bhí á gcaitheamh ag an gcuid eile den ghrúpa.<br><br>Chuaigh an grúpa i sáinn mar a chuaigh luas na gaoithe i neart chuaigh staid na farraige in olcas. Iompaíodh an cadhc dúbailte béal faoi ach d'éirigh leis an mbeirt rannpháirtithe an cadhc a shocrú arís agus a mbealach a dhéanamh go taobh amháin den loch. Rinne beirt rannpháirtithe eile, a raibh i gcadhcanna singile acu, a mbealach go dtí an taobh eile den loch, tar éis do chadhc dhuine amháin acu iompú béal faoi chomh maith. Snámh an duine sin ar feadh thart ar 20 nóiméad chun an cladach a bhaint amach. Iompaíodh cadhcanna an rannpháirtithe dheiridh agus cadhc an Eagraí béal faoi chomh maith agus d'imigh na cadhcanna le sruth. Bhí na cadhcóirí ar snámh san uisce agus ag imeacht le sruth ar feadh thart ar uair a chloig agus iad scoite amach thart ar leathbhealach trasna an locha, go dtí gur tháinig an Garda Cósta i gcabhair orthu. Bhí cóir leighis ospidéil ag teastáil uathu sular scaoileadh saor iad níos déanaí an lá sin. Ní éireodh leis an tarrtháil seo murach gníomhartha díograiseacha dhuine den phobal, a chonaic daoine san uisce agus a chuir na seirbhísí éigeandála ar an eolas. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **FV Anna Louise** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Iascaireachta <15m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Soitheach iascaireachta oscailte 5.35 m ar fhad le hinneall transaim a bhí sa soitheach iascaigh (FV) Anna Louise. Bhí an bád i mbun gnáth-thuras iascaireachta chun potaí gliomaigh a thógáil i gCuan Bheanntraí, Co. Chorcaí. Bhí an bád á oibriú ag deartháir an úinéara (an Scipéir), duine a raibh cáilíochtaí, teastas cuí agus neart taithí aige le báid a oibriú. Thóg an Scipéir dhá shraith de photaí gliomaigh ar bord, deich bpota san iomlán. Bhí an baoi marcóra á aisghabháil aige nuair a tháinig tonn thar dheireadh an bháid agus chuaigh an bád faoi thuile. Rinne an Scipéir iarracht an buicéad tarrthála a bhaint amach, ach bhris tonn eile ar an mbád idir an dá linn agus chuaigh an bád go tóin poill go tapa. Chuaigh an Rabhchán Raidió lena Léirítear Suíomh Éigeandála trí mheán Satailíte (EPIRB) ar snámh agus casadh air é. Fuair Fo-Ionad Tarrthála Mara Dhairbhre (MRSC) an comhartha guaise agus is iad a chuir tús leis na hoibríochtaí tarrthála. Seoladh Bád Tarrthála Cladaigh Bheanntraí chomh maith le Bád Tarrthála agus Héileacaptar Tarrthála Bhaile Chaisleáin Bhéarra R115 chuig an láthair.<br><br>Shnámh an Scipéir i dtír agus rinne sé a bhealach isteach ón gcósta trí pháirceanna. Bhain sé teach amach, áit a ndearna sé teagmháil leis na seirbhísí éigeandála le rá go raibh sé slán. Cuireadh deireadh leis na hoibríochtaí tarrthála. Tarrtháladh an bád ina dhiaidh sin ó 12 m d'uisce. Ní raibh aon ghortuithe ann agus ní dhearnadh aon truailliú dá bharr. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **FV An Portán Óir** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Iascaireachta <15m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Ball den Chriú gortaithe |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Is bád iascaireachta deice é an FV An Portán Óir atá 9.9 m ar fhad agus a bhfuil inneall istigh díosail ar bord. Bhí an soitheach ar ghnáth-thuras iascaireachta chun potaí gliomaigh a thógáil, a bhaoiteáil agus a scaoileadh i mBá an Daingin, Co. Chiarraí. Ba é an t-úinéir (an Scipéir) a bhí á oibriú. Oibritheoir báid a bhí ann a bhí cáilithe, a raibh go leor taithí agus teastas cuí aige. Bhí an Scipéir ag scaoileadh leis an tsreang dheiridh de 30 pota gliomaigh, agus deich bpota san uisce, nuair a chuaigh a chos i bhfostú i rópaí na bpotaí. Bhí an bád i bhfearas chun an sreangán a shíneadh agus theann an rópa thart ar chos an Scipéara, á tharraingt chun deiridh. Rug sé ar an rópa idir na potaí agus cheangail sé é leis an ráille láimhe ionas nach dtarraingeofaí thar bord é. Ní raibh sé in ann é féin a scaoileadh saor toisc na rópaí timpeall a chos bheith á dteannadh agus bhí sé sáinnithe mar sin go dtí gur tarrtháladh é timpeall ceithre uair an chloig ina dhiaidh sin.<br><br>Thug daoine i dtír faoi deara nach raibh sé tar éis teacht i dtír faoi mar a bhí beartaithe agus chuir siad fios ar na seirbhísí éigeandála. Chuardaigh báid áitiúla, Bád Tarrthála an Daingin agus Héileacaptair Tharrthála an Gharda Cósta go dtí gur tháinig bád áitiúil ar An Portán Óir. Tugadh an Scipéir i dtír, áit a raibh otharcharr ag fanacht lena thabhairt chun an ospidéil. Gortaíodh cos chlé an Scipéara go dona. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **FV John B** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Iascaireachta >15m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Ball den Chriú gortaithe |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Tharla eachtra ar bord an FV John B, agus é i mbun oibríochtaí iascaireachta i Muir Éireann thart ar 20 míle soir soir ó thuaidh ó Bhinn Éadair. Agus na líonta agus an trealamh iascaireachta á dtarraingt ar bord idir 08.00-09.00 gortaíodh ball den chriú nuair a chuaigh a chos i bhfostú idir meáchan an láir agus an cás meáchan ag deireadh an tsoithigh.<br><br>Laghdaíodh an t-ualach meáchain le go mbeidh an Ball Criú in ann a chos a scaoileadh saor ón meáchan láir. Chuir na baill eile den chriú cóireáil garchabhrach ar an mBall Criú a bhí gortaithe, agus cuireadh sa chocús é. D'aimsigh an criú eile na líonta agus an trealamh iascaireachta ar bord. Cuireadh úinéirí an tsoithigh ar an eolas faoin eachtra agus chuaigh an soitheach ar aghaidh go Binn Éadair, an calafort ba ghaire dóibh ag an am. Ní raibh gá le cúnamh seachtrach leighis nó le cúnamh éigeandála.<br><br>Nuair a bhain siad Binn Éadair amach idir 12.00-13.00 tugadh cúnamh don Bhall Criú a bhí gortaithe dul i dtír agus aistríodh é go hOspidéal Beaumont, áit ar cuireadh cóir leighis air. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Arklow Clan** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Bád Lastais |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Ball den Chriú gortaithe |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Chuaigh an soitheach lasta Arklow Clan i mbeart taobh le Caladh Obar Dheathain. Bhí an soitheach i riocht ballasta agus bhí sé beartaithe go gcuirfear tús a chur le lastas mór dramh-mhiotail a luchtú an mhaidin dár gcionn. Ar thart ar 17.49, thosaigh triúr den chriú ag ísliú ráillí láimhe an tsiúlbhealaigh mar ullmhúchán d'oibríochtaí luchtaithe. Agus é ag ísliú na ráillí láimhe, d'imigh na cosa ón Dara hOifigeach, agus thit sé thart ar 3.6 m ón siúlbhealach go dtí an ché thíos. Mar thoradh ar an taisme, gortaíodh cosa an oifigigh go dona, rud a d'fhág go raibh air tréimhse fhada a chaitheamh san ospidéal. B'éigean dó obráidí éagsúla bheith aige agus cuireadh cóireáil athshlánúcháin air. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Jelly Baby** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Teagmhas seoltóireachta |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Bhí an luamh Jelly Baby, ar a raibh naonúr ar bord, san iomaíocht sa rás deireanach de chuid Shraith an Fhómhair i gCuan Chorcaí. Nuair a chuaigh siad thar an tríú marc den ráschúrsa, bhí an criú ag ullmhú chun seolta a athrú nuair a bhí deacrachtaí acu le seol gennaker a rigeáil. Agus iad ag iarraidh na ndeacrachtaí seo a shárú chuaigh an seol gennaker agus ball den chriú thar bord leis. Tarrtháladh an Ball Criú go tapa ach chuaigh an seol i bhfostú timpeall na cíle, na stiúrach agus an liáin, agus cuireadh an bád as feidhm. Chaill an luamh cumhacht ghluaiste agus chuaigh sé i dtír ar charraigeacha ag Pointe na bhFíodóirí ar an taobh thiar den bhealach isteach go Cuan Chorcaí. Níor gortaíodh aon duine den chriú, ach d'fhan an luamh ar na carraigeacha sula bhféadfaí é a tharrtháil nuair a tháinig an chéad taoide tuile eile. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **FV Ardent** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Iascaireachta >24m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Ball den Chriú gortaithe |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | D'fhág an FV Ardent Cuan Phort Oriel i gClochar, Co. Lú le ceathrar criú ar bord, chun tús a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta i Muir Éireann. Chuaigh an soitheach ar feistiú sa chuan tar éis dó an ghabháil éisc a dhíluchtú in Ard Glas, Co. an Dúin, an lá roimhe sin. Ag thart ar 15.15 chuir an Scipéir agus Ball den Chriú (A) tús leis an oibríocht níocháin agus glantacháin umar mar ullmhúchán chun na tancanna Uisce Mara Cuisnithe (RSW) a athlíonadh le sáile. Tar éis do mhéid beag sáile fanacht laistigh den umar láir, d'oibrigh an Scipéir an caidéal scaoilte umar, agus dhoirt sé an t-uisce thar bord.<br><br>Chuaigh Ball den Chriú (A) isteach san umar láir tríd an haiste deic bheag, chun an fuílleach éisc a bhí tar éis dul i bhfostú sa chóras fuaraithe a ghlanadh amach. Agus é thíos san umar chuaigh an t-atmaisféar i bhfeidhm air agus thit sé ar urlár an umair in aice leis an dréimire.<br><br>Phléigh baill eile den chriú bealaí a bhféadfaí cúnamh a thabhairt don Bhall Criú (A) agus d'aontaigh siad ar phlean aisghabhála. Chuir duine den chriú úim shábháilteachta air agus cheangail sé líne thearnaimh leis, agus an taobh eile den líne ag ball eile den chriú.<br><br>Chuaigh Ball den Chriú (B) isteach san umar agus dhreap sé síos an dréimire. Agus é ag iarraidh riocht Ball Criú (A) a mheas, chuaigh an t-atmaisféar laistigh den umar i bhfeidhm ar Bhall Criú (B) freisin. Rinne sé iarracht láithreach an dréimire a dhreapadh chun éalú. Nuair a bhí sé thart ar leath bealaigh aníos an dréimire, chaill sé an mothú. Bhí sé gan aithne gan urlabhra ar crochadh den líne thearnaimh a raibh lámh ag Ball Criú (C) uirthi. Tharrtháil an Scipéir agus Ball Criú (C), Ball Criú (B) agus é á tharraingt aníos chomh fada leis an deic.<br><br>D'fhill an soitheach ar Port Oriel agus d'éirigh leis na seirbhísí tarrthála, a raibh gléas análaithe acu, Ball Criú (A) a aisghabháil ón umar. Ar thart ar 16.40 tugadh an bheirt bhall den chriú a bhí gortaithe go dtí an t-ospidéal, áit ar cuireadh cóireáil leighis orthu. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Simmerdim** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Paisinéirí |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Ball den Chriú gortaithe |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | D'fhág an soitheach Simmerdim Leitir Mealláin, Conamara, Co. na Gaillimhe le ceathrar ar bord agus chuaigh siad go dtí láthair na Feirme Bradán amach ón gcósta, suite amach ó Ché an Aird Mhóir. Tháinig an Simmerdim ar an láthair oibre agus cheangail sé taobh leis an mBáirse Beatha atá feistithe go buan le grinneall na farraige. D'aistrigh gach duine ón soitheach go dtí an mBáirse Beatha.<br><br>Tháinig bád níos lú (bád polach) a raibh cúigear ar bord, chuig láthair na Feirme Bradán agus a chuaigh ar feistiú ar an taobh amuigh den Simmerdim le go bhféadfadh le triúr den chriú tuirlingt.<br><br>Chuaigh an chéad duine den triúr paisinéirí ón mbád polar trasna an Simmerdim go dtí an Báirse Beatha. De réir mar a bhí an dara duine den ghrúpa ag dul trasna go dtí an Báirse Beatha, ghluais na soithí i dtreo a chéile. Chuaigh an duine i bhfostú idir an dá bhád agus gortaíodh é go dona; an pheilbhis á bhrúscadh. Tugadh an duine gortaithe ar ais ar bord an Simmerdim agus aeraistríodh é ina dhiaidh sin go hOspidéal na hOllscoile, Gaillimh, áit a ndearnadh measúnú air. I measc na ngortuithe, bhí go leor bristeacha sa pheilbhis agus in ailt chuas an chromáin. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **FV Bikain** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Iascaireachta >15 m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Imbhualadh le muiríne agus le soithí eile |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Bhí an trálaer iascaireachta Bikain, a bhí cláraithe sa Fhrainc, taobh le barr na céibhe i gCuan an Daingin, Co. Chiarraí agus an criú ag ullmhú le dul chun farraige i mbun iascaireachta. Bhí an príomhinneall ar siúl agus na seiceálacha seoltóireachta á ndéanamh acu nuair a chuaigh an lián buailte insmachtaithe chun deiridh. Rinne an captaen iarracht an príomhinneall a stopadh leis an stopchnaipe práinne ar chonsól an Chábáin stiúraigh, ach níor éirigh leis. Bhris na rópaí a bhí ceangailte leis an soitheach agus ghluais an soitheach chun deiridh go tapa. Bhuail sé in aghaidh an phontúin mhuiríne theas. Rinneadh dochar mór don phontún dá bharr agus do roinnt mhaith bád a bhí ar feistiú ann.<br><br>Stopadh an príomhinneall faoi dheireadh nuair a dícheanglaíodh an breosla agus d'imigh an soitheach le sruth go báisín an chuain. Chonaic an criú ar thrálaer eile, a bhí feistithe ar an bpríomh-lamairne, an eachtra, agus chuaigh siad go tapa chun cabhrú leis an Bikain agus tharraing siad an bád ar ais go taobh an lamairne.<br><br>Níor gortaíodh duine ar bith agus níor tharla aon truailliú de bharr na heachtra ach rinneadh damáiste mór don phontún agus do na báid a bhí ar feistiú ann. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Arklow Raider** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Bád Lastais |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Soitheach imithe i dtalamh |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Chuaigh an bád lastais an Arklow Raider, suas Cainéal Bhriostó i dtreo a cheann scríbe, calafort Sharpness, sa Ríocht Aontaithe. Bhí an bád luchtaithe ag an am. Ar thart ar 19.19 chuaigh an Soitheach faoi Dhroichead na Sabhrainne agus chuir an Píolóta tús le casadh pleanáilte go dtí an bord clé chun dul timpeall ar Charraig Lyde. In ainneoin gur luigh an Píolóta go trom ar an deasbhord chun dul i ngleic le sruthanna agus le frithshruthanna, athraíodh an cúrsa i dtreo an bhoird chlé go tobann sular shuigh tosach an bháid go trom i measc carraigeacha agus láib thart ar 19.21. Tar éis don chriú na hurranna go léir a sheiceáil agus a chinntiú nach raibh uisce ag teacht isteach, chuaigh an bád ar snámh arís faoina chumhacht féin le hardú na taoide. Tobscoradh an pasáiste agus d'éirigh leis an gcriú é a chur i gcrích ar an gcéad taoide eile faoi stiúir an Phíolóta chéanna. Rinneadh damáiste don phlátáil scealla agus don fhrámú san umar ballasta i gceann an bháid, áit ar braitheadh uisce ag teacht isteach ina dhiaidh sin. Tugadh an bád go talamh tirim chun deisiúcháin a dhéanamh. Níor gortaíodh aon duine, agus níor tharla aon truailliú. |

# Achoimre de na Tuarascálacha a Foilsíodh 2022

1 Eanáir go 31 Nollaig 2022

Tá na táblaí seo a leanas coimrithe ó thuarascálacha foilsithe agus tá sé is éard atá i gceist leo ná achoimre a thabhairt. Is féidir amharc ar na tuarascálacha iomlána ar shuíomh gréasáin an BITM www.mcib.ie

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Carrickcraft** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 17 Eanáir, 2022 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Pléisiúir |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 6 Meán Fómhair 2020 |
| **ACHOIMRE** | Ar an 6 Meán Fómhair 2020, d'fhág ceithre chliant de chuid Carrickcraft (Shannon Leisure Development Co. Ltd) Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma ag dul ó dheas, tar éis dóibh mótarchúrsóir Linssen Grand Sturdy 35.0 a fháil ar cíos an lá roimhe sin. Thart ar 45 nóiméad níos déanaí agus iad gar do Bhaile Shéamais, chuaigh urrann an innill trí thine. Thréig na cliaint an bád agus d'éalaigh siad ar bhád cairte a bhí ag dul thar bráid. Tháinig an bhriogáid dóiteáin ar an láthair agus mhúch siad an tine. Go gairid ina dhiaidh sin chuaigh an soitheach go tóin poill i thart ar 8 m d'uisce. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Ní mheastar gur soithí paisinéirí iad soithí cairte agus dá bhrí sin níl siad faoi réir cheanglais an Achta Loingis Cheannaíochta 1992. Ina ionad sin, tagann soithí cairte faoi na ceanglais reachtacha agus na moltaí a shonraítear sa CoP. Ní dhéanann an CoP le feistiú riachtanach córas braite dóiteáin ar árthaí áineasa agus dá bhrí sin ní raibh aon chóras braite dóiteáin feistithe ar an soitheach Carrickcraft X4. Dá dtosódh an tine seo agus aon duine den ghrúpa ina chodladh, d'fhéadfadh na hiarmhairtí a bheith níos tromchúisí.<br><br>Thosaigh an tine mar thoradh ar cheann de roinnt fadhbanna leictreacha ar bord an Linssen Grand Sturdy 35.0. De dheasca mhéid na tine, ní fios go díreach cén chomhpháirt a bhí lochtach. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **FV Mirror of Justice** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 24 Feabhra, 2022 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Iascaireachta <15m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 26 Lúnasa, 2020 |
| **ACHOIMRE** | Ar an 26 Lúnasa 2020, d'imigh an FV Mirror of Justice le sruth ar charraigeacha siar ó Chuan Theileann, Co. Dhún na nGall. Cuireadh oibríocht fhairsing cuardaigh agus tarrthála ar bun chun iarracht a dhéanamh teacht ar an Iascaire aonair ar leis agus a d'oibrigh an t-árthach. Mar gheall ar fharraige mhór ón Atlantach bhris an t-soitheach as a chéile ar na carraigeacha a ndeachaigh sé i dtalamh ann. Fuarthas an t-Iascaire ar snámh in aice láimhe go gairid ina dhiaidh sin. Bhí craicne ola a raibh snámhacht iontu á gcaitheamh aige ach gan aon Ghaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) air anuas orthu sin. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | 1 Bhás |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Is dócha gur éirigh Scipéir an FV Mirror of Justice tinn nó go ndeachaigh sé i sáinn go gairid tar éis dó a shoitheach a stopadh ag deireadh an lae i gceantar a raibh cleachtadh aige bheith ag iascaireacht ann. Dealraítear gur tharla sé seo nuair a bhí sé faoi bhun urlár an chábáin stiúraigh nó san urrann ar cheann an bháid, toisc nach raibh an t-oibrí éigeandála a íslíodh ó Héileacaptar Tarrthála R118 in ann é a fheiceáil. Ba é tuairim na ndaoine go léir a raibh aithne acu ar Scipéir an FV Mirror of Justice, ná gur iascaire cumasach a bhí ann a raibh go leor taithí aige ar an bhfarraige agus tuiscint mhaith aige ar na rioscaí a bhaineann le gach oibríocht iascaireachta. Bhí siad den tuairim go mbeadh sé ar a chumas na gníomhartha teagmhasacha cuí a chur i bhfeidhm i gcás cliste nó éigeandála.<br><br>Ba ghnách le Scipéir an FV Mirror of Justice an soitheach a oibriú ina aonar. Ba ghnách leis cineál oibríochta iascaireachta a chleachtadh nach mbeadh chomh dian ar an gcorp agus mar a bheadh oibríochtaí eile; "potú" mar shampla. Dá mbeadh criú eile ar bord an FV Mirror of Justice ar an lá chun glaoch ar na seirbhísí éigeandála nó chun cúnamh a thabhairt, d'fhéadfadh toradh difriúil bheith ann. D'fhéadfadh go raibh an tuirse ar chúiseanna an taisme, ach is deacair na mionsonraí seo a mheas. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **FV Horizon** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 19 Aibreán, 2022 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Iascaireachta >15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 14 Bealtaine, 2021 |
| **ACHOIMRE** | Bhí ceathrar ag iascaireacht ar bord an FV Horizon, thart ar 20 muirmhíle (NM) amach ón Seancheann, Cionn tSáile, Co. Chorcaí go gairid roimh 02.00 ar an 14 Bealtaine 2021, nuair a thug an Scipéir faoi deara go raibh go leor deataigh ag teacht ó na cábáin bhearta. Ainneoin iarrachtaí an chriú chun smacht a chur ar an dóiteán, bhí borradh faoi agus scaip sé. Chraol an Scipéir comhartha guaise MAYDAY le raidió an-ardmhinicíochta (VHF) agus d'éalaigh an criú ar rafta tarrthála. Rinne long sholáthair amach ón gcósta, an Pathfinder, an criú a tharrtháil ón rafta tarrthála. Tháinig bád soláthair eile, an Maersk Maker, i gcabhair orthu freisin chun an tine a cheansú. In ainneoin a gcuid iarrachtaí chuaigh an soitheach iascaireachta go tóin poill thart ar 07.00, gar don áit a ndeachaigh sé trí thine. Tuairiscíodh roinnt truaillithe ola ar dhromchla na farraige ach is cosúil gur scaip sé go nádúrtha.<br><br>Bhí na coinníollacha aimsire agus farraige go maith ag an am. Bhí gaoth éadrom agus farraige mheasartha ann. Aistríodh an criú ina dhiaidh sin chuig Bád Tarrthála Chúirt Mhic Shéir agus tugadh i dtír iad. Níor gortaíodh duine ar bith den chriú. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Bhí an soitheach oiriúnach don fheidhm agus i ndea-riocht díreach roimh an eachtra. Ní raibh riocht an soithigh ar na fachtóirí ar chúis leis an tine ná le cailleadh an FV Horizon.<br><br>Ní fios go díreach cén foinse adhainte a bhí ann ar an FV Horizon. D'fhéadfadh gur fón póca nó gléas leictreonach eile dá leithéid a bhí ann agus é á luchtú, nó d'fhéadfadh gur luchtaire ceallraí gléasanna leictreonaigh a bhí ag dul isteach i gciorcad srutha ailtéarnaigh (AC) 240 volta (V) i gcábán bearta an chriú a bhí ann.<br><br>Bhí moill leis an troid in aghaidh na tine de bharr gur theip ar an aláram braite deataigh. Lig sé don tine dul i neart agus scaipeadh sula bhfaca an Scipéir é nuair a d'fhill sé ar an gcabán stiúrach.<br><br>Chuir na hábhair indóite a d'úsáidtí go coitianta ar bord an FV Horizon (soitheach iascaireachta déanta as adhmad) breosla leordhóthanach ar fáil don tine, go háirithe an méid gáis peitriliam leachtaithe, olaí agus plaisteach a bhí ar bord. Chuir sé seo ar chumas na tine scaipeadh go tapa tríd an soitheach.<br><br>Nochtadh píobáin phlaisteacha sholúbtha chórais fuaraithe innealra an tsoithigh don tine sa seomra innill agus leá siad, a sláine uiscedhíonach á chailleadh dá bharr. Lig sé seo d'uisce na farraige teacht isteach, líonadh an FV Horizon le sáile agus chuaigh sé go tóin poill dá bharr.<br><br>Mar gheall ar an easpa ábhar díonta dóiteáin sna píobáin sholúbtha i gcórais fuaraithe innealra an árthaigh, a cheanglaíonn leis na comhlaí trí chabhail, ligeadh d'uisce na farraige teacht isteach sa soitheach nuair a leáigh na píobáin sholúbtha i ndian-teas na tine sa seomra innill. Thug sé seo deis don uisce sáile an Soitheach a thuile.<br><br>Dá mbeadh an córas braite dóiteáin ar bord an FV Horizon ag cloí, le riachtanais níos déine an Chóid Idirnáisiúnta um Chórais Sábháilteachta Dóiteáin a éilíonn ar an gcóras braite dóiteáin comharthaí lochta inchloiste agus amhairc a chur san áireamh, is dócha go mbraithfí an tine sa chábán bearta níos luaithe. Ba 'soitheach reatha' é an FV Horizon in 2007 nuair a cuireadh Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 640 de 2007 i bhfeidhm, áfach. Dá bhrí sin, bhí an Soitheach faoi réir ceanglais níos lú a bhain le Rialachán 80(17) de I.R. Uimh. 640 de 2007 agus níor feistíodh ach córas braite dóiteáin inchloiste. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **FV Marliona** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 19 Deireadh Fómhair 2022 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Soitheach Iascaireachta >15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 3 Feabhra, 2021 |
| **ACHOIMRE** | Ar thart ar 14.05 tráthnóna an 3 Feabhra 2021, tharla taisme thromchúiseach mhuirí ar an FV Marliona agus é taobh le Cuan an Chaisleáin Ghlais, Co. Dhún na nGall. Le linn próiseas deisiúcháin, chuaigh lámh chlé an Scipéara i bhfostú i ndoras tráil agus rinneadh damáiste tromchúiseach dá lámh.<br><br>Chuir ball eile den chriú cóireáil gharchabhrach air agus stopadh an fhuil. Glaodh ar an otharcharr, tháinig sé ar an láthair ar a 14.30 agus aistríodh an Scipéir go dtí an t-ospidéal is gaire, áit ar cuireadh cóir leighis air agus d'éirigh leo an lámh a shábháil. Scaoileadh saor é an lá céanna ach bhí cóir leighis leanúnach de dhíth air agus níor fhill sé ar an obair go dtí Bealtaine 2021. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Brúscadh lámh chlé an Scipéara. |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Níor aithníodh go mbaineann drochiarmhairtí le doras an tráil bheith san áit mhícheart. Níor aithníodh ach an oiread go bhféadfadh le soithí eile a bheith ag teacht agus ag imeacht ón gcuan. Ba chóir go ndéanfaí an obair seo ar bhalla na céibhe. Sin é, gur cheart an doras a oscailt ar an gcé agus an nasc slabhra a bhaint ansin. Oibríocht shimplí a bheadh ansin, a bhféadfaí a chur i gcrích ar bhealach sábháilte. Bhí easpa measúnaithe sábháilteachta agus ráiteas modha sa ráiteas sábháilteachta don chineál seo oibríochta ar na fachtóirí ar chúis leis an teagmhas seo.<br><br>Rinneadh iniúchadh ar na bileoga ama, agus aithníodh neamhréireachtaí. Ní féidir leis an BITM cinneadh a dhéanamh maidir le comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh na Rialachán, toisc go dtiteann an cúram sin faoi dhlínse Oifig na Suirbhéireachta Muirí. Cibé an raibh nó nach raibh na Rialacháin á gcomhlíonadh, caithfear an tuirse a áireamh mar fhachtóir daonna a d'fhéadfadh bheith bainteach leis an teagmhas. Is dócha gur fachtóir daonna eile a bhí ann ná brú ama chun na deisiúcháin a dhéanamh le linn tréimhse theoranta sa chalafort roimh an gcéad turas iascaireachta eile.<br><br>Ós rud é go ndearna Ball Criú B cúrsa garchabhrach go gairid roimhe sin i mí na Samhna, bhí sé in ann gníomhú mar ba chuí chun an fhuil a stopadh. Murach seo, chaillfeadh Scipéir a chuid fola ar fad agus gheobhadh sé bás. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Arklow Clan** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 29 Samhain, 2022 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Bád Lastais |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 11 Lúnasa, 2021 |
| **ACHOIMRE** | Chuaigh an soitheach lastais Arklow Clan, ar feistiú taobh le Calafort Obar Dheathain, Albain, an Ríocht Aontaithe tráthnóna an 11 Lúnasa 2021, i riocht ballasta. Bhí é sceidealaithe lasta mór dramh-mhiotail a luchtú an mhaidin dár gcionn. Ar thart ar 17.49, thosaigh triúr den chriú ag ísliú ráillí láimhe an tsiúlbhealaigh mar ullmhúchán d'oibríochtaí luchtaithe. Agus é ag ísliú na ráillí láimhe, d'imigh na cosa ón Dara hOifigeach, agus thit sé thart ar 3.6 m ón siúlbhealach go dtí an ché thíos. Mar thoradh ar an taisme, gortaíodh cosa an oifigigh go dona, rud a d'fhág go raibh air tréimhse fhada a chaitheamh san ospidéal. B'éigean dó obráidí éagsúla bheith aige agus cuireadh cóireáil athshlánúcháin air. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Gortaíodh duine den chriú go dona |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Ar 17.49 ar an 11 Lúnasa 2021, agus Arklow Clan ar feistiú in taobh le Calafort Obar Dheathain, thit an Dara hOifigeach thart ar 3.6 m ón siúlbhealach go dtí an ché. Gortaíodh go dona é agus d'fhéadfadh cuid de na gortaithe a d'fhulaing sé a bheith marfach.<br><br>Ní dócha go raibh tosca comhshaoil, amhail aimsir agus gluaiseacht an tsoithigh, i measc na bhfactóirí a chuir leis an teagmhas. Ní raibh róthuirse ar an Dara hOifigeach, ach d'fhéadfadh go raibh baint ag an ngnáththuirse a bhaineann le bheith ag obair san oíche, agus leis an seal a chaitheamh i mbun faire ó 12 go dtí a 4 a chloig leis an gcás; gan intinn an oifigigh bheith iomlán dírithe ar an tasc dá bharr.<br><br>Bhí úmacha iomlán an choirp ar fáil ar bord agus dá n-úsáidfí i gceart iad, sheachnófaí an eachtra. Ba é bunchúis an teagmhais ná nár cloíodh le córais shábháilte oibre maidir le hoibriú ar airde, lena n-áirítear measúnú riosca leordhóthanach, cead chun oibre a lorg agus "cainteanna bosca uirlisí"; gearrchruinnithe neamhfhoirmiúla sábháilteachta ar an láthair oibre.<br>D'aithin Loingseoireacht an Inbhir Mhóir na heasnaimh seo go tapa tar éis na heachtra agus ceartaíodh iad. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Stena Europe - Connemara** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 22 Nollaig 2022 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Dhá Bhád Farantóireachta |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 16 Márta, 2022 |
| **ACHOIMRE** | Ar maidin an 16 Márta, 2022, bhí neasimbhualadh idir dhá bhád farantóireachta mhóra díreach taobh amuigh de mhuirmhúr Chalafort Ros Láir, Co. Loch Garman, rud a d'fhág go ndeachaigh na báid fharantóireachta thart ar 100m óna chéile. Tháinig an soitheach isteach, an Connemara, isteach ó Bilbao sa Spáinn; Bhí sé beartaithe teacht isteach ar 08.15 ach tháinig an soitheach go luath. D'iarr Rialú Chalafort Ros Láir ar an gcriú fanacht taobh amuigh den chuan in aice le baoi West Holdens. Bhí an soitheach amach, Stena Europe, le seoladh chuig Fishguard sa Ríocht Aontaithe ar 07.30. Níor chloígh an soitheach Connemara le treoracha Rialú Chalafort Ros Láir agus seachas fanacht taobh amuigh den chuan, chuaigh siad i dtreo an mhuirmhúir. Thug Rialú Chalafort Ros Láir cead do Stena Europe seoladh agus sheol siad, gan a fhios acu go raibh Connemara ag teannadh leis an muirmhúr. Tháinig an dá bhád i ngar dá chéile díreach in aice leis an muirmhúr. B'éigean don dá bhád gníomh a dhéanamh chun imbhualadh a sheachaint, rud a d'fhág go raibh neasimbhualadh ann. |

| | |
|---|---|
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Níor chloígh foireann droichid an Connemara le treoracha Rialú Chalafort Ros Láir agus chuaigh siad díreach i dtreo an chalafoirt agus fios acu go raibh soitheach eile ar an mbealach amach. Faoi Rialacháin Idirnáisiúnta um Imbhuailtí ar Muir a Chosc (IRPCS) bhí ceart slí ag an Connemara agus, dá bhrí sin, gur cheart dó an cúrsa agus luas a sheasamh i gcás trasnaithe ina raibh baol imbhuailte ann. Mar sin féin, de réir IRPCS; Riail 17 (a) (ii) bhí an rogha ar fáil do Connemara ag am ar bith chun cúrsa agus/nó luas a athrú. Riail 17 (a) (ii) a luaithe agus ar léir nach raibh gníomhaíocht iomchuí á déanamh ag an soitheach nach raibh ceart slí aige, sa chás seo an soitheach amach an Stena Europe, d'fhéadfadh an soitheach a raibh ceart slí aige gníomh a dhéanamh. Ina ráiteas, dúirt Máistir an árthaigh isteach, an Connemara, nach raibh sé soiléir cén rún a bhí ag an soitheach amach.<br><br>I bhfianaise na héiginnteachta seo, ba cheart don bhád isteach, an Connemara, gníomh a dhéanamh, agus é a dhéanamh i bhfad níos luaithe, chun an neasimbhualadh seo a sheachaint.<br>Ina theannta sin, faoin IRPCS; Riail 2 (b), d'fhéadfadh an soitheach isteach cúrsa agus/nó luas a athrú de réir mar ba ghá. Ceadaítear go sonrach faoin riail gur féidir imeacht ó na rialacha chun "contúirt láithreach a sheachaint". D'fhéadfadh an soitheach isteach an teagmhas ar fad a sheachaint dá n-úsáidfidís an t-uisce domhain ó thuaidh de bhaoi West Holdens chun an bád a ainliú agus é ag fanacht leis an soitheach amach imeacht tríd an gcainéal. Dá ndéanfaí amhlaidh, sheachnófaí an neasimbhualadh. D'fhéadfadh Rialú Chalafort Ros Láir é seo a chur in iúl don árthach, dá dtabharfadh an Rialaitheoir Calafoirt a bhí ar dualgas faoi deara nach raibh an soitheach isteach ag cloí lena threoracha. Is léir ón taifeadadh Taifeadán Sonraí Voyage (VDR) agus ó ráitis chontrártha a fuarthas ó fhoireann dhroichead Connemara, go raibh an chumarsáid i measc fhoireann an droichid an-dona, rud a d'fhág go raibh éiginnteacht ann faoi cé a bhí i gceannas ar an scéal. Is léir freisin ó thaifeadadh VDR Connemara agus ó ráitis fhoireann an droichid go raibh easpa mhór pleanála, go háirithe pleanáil theagmhasach, i measc fhoireann an droichid.<br><br>Bhí de chumas an tsoithigh amach an neasimbhualadh seo a sheachaint. Is léir ón taifeadadh VDR go raibh imní ar an gcriú faoin tréimhse sheoltóireachta agus nár mhaith leo go mbeadh moill orthu de bharr theacht luath an tsoithigh Connemara. B'fhéidir go ndeachaigh sé seo i bhfeidhm ar an bpróiseas cinnteoireachta agus gurbh é ba chúis leis an gcriú dearmad a dhéanamh ar ghluaiseacht an tsoithigh isteach agus iad ag iarraidh seoladh de réir an sceidil. Is faoi Mháistir an árthaigh atá an cinneadh deiridh imeacht as an mbeart. Léirítear é seo sa Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS), ina sonraítear go gcaithfidh an Máistir a chinntiú go gcomhlíontar gach riachtanas reachtúil. Áirítear leis seo an IRPCS, a éilíonn go mbíonn duine i mbun faire i gcónaí. Níor chloígh foireann an droichid ar Stena Europe leis seo. Ba cheart go mbeadh Rialú Chalafort Ros Láir in ann an cás seo a bhainistiú agus a chinntiú nach gá do chriú na soithí a bheith buartha faoi chásanna neasimbhuailte ar an mbealach isteach chuig an gcuan. Níor cheart go mbeadh ar shoithí isteach agus amach teagmháil a dhéanamh lena chéile ar VHF chun dul thar a chéile go slán. Bhí an Rialaitheoir Calafoirt ar dualgas i mbun cúramaí eile chomh maith le cúramaí na Seirbhíse Tráchta Soithí (VTS). Ní fhéadfadh sé a bheith dírithe go hiomlán ar na soithí a bhí ag dul isteach agus amach ón gcalafort. Níl aon cháilíochtaí ná oiliúint mhuirí ag an Rialaitheoir Calafoirt agus dá bhrí sin ní féidir a bheith ag súil go mbeidh tuiscint mhaith aige ar sho-ionramháilteacht na soithí a oibríonn sa chalafort. D'fhág easpa oiliúna agus easpa taithí mhuirí nach bhféadfadh an Rialaitheoir Calafoirt a bheith ag súil leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann, nó lena thromchúisí agus a d'fhéadfadh an cás a bheith, dá rachadh teagmhas mar seo in olcas. |

| Ainm an tsoithigh/na heachtra: **Frazer Tintern** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSITHE** | 29 Nollaig, 2022 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Bád Farantóireachta Paisinéirí |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 05 Lúnasa, 2021 |
| **ACHOIMRE** | Ar a bealach go dtí an Pasáiste Thoir, Co. Phort Láirge ar thart ar 18.05 ar an 5 Lúnasa 2021, bhraith Máistir an tsoithigh Frazer Tintern boladh láidir breosla díosail. Faoin am seo ghlaoigh ball den chriú air agus thug le fios dó go raibh seisean in ann boladh láidir díosail a bhraith chomh maith agus go raibh sé chun an scéal a fhiosrú. Nuair a tháinig an ball den chriú chomh fada leis an doras mogaill ag urrann innill Uimh. 1, bhí deatach dorcha agus lasracha os a chomhair amach. Chuir na baill den chriú an Máistir ar an eolas láithreach bonn go raibh dóiteán ar bord. Dhruid an Máistir Inneall Uimh. 1 láithreach bonn agus mhúch sé na feananna sa seomra innill. Chuir beirt bhall den chriú dhá mhúchtóir dóiteáin iniompartha agus píobáin dóiteáin rige i bhfeidhm chun teorainn na tine a fhuarú. Chuaigh an Soitheach ar aghaidh go dtí fánán an Phasáiste Thoir chun na paisinéirí a thuirlingt den bhád a thapa agus a shábháilte agus ab fhéidir. Iarradh ar na paisinéirí uile dul go dtí an stáisiún tionóil, ar fhaitíos na bhfaitíos, agus tugadh cótaí tarrthála dóibh. Fuarthas smacht ar an dóiteán ar an mbealach go dtí fánán an Phasáiste Thoir. Nuair a baineadh an Pasáiste Thoir amach, rinneadh gach paisinéir agus feithicil a thuirlingt ar bhealach sábháilte. Rinneadh an soitheach a dhaingniú ansin agus druideadh na hinnill eile. Nuair a d'imigh an deatach ar fad, rinne an criú an seomra innill a imscrúdú lena chinntiú go raibh an dóiteán múchta. |
| **GORTAITHE/BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Is é is dóichí gur sceitheadh breosla líne fillte ar phríomhinneall Uimh.1 ba chúis leis an tine. Méadaíodh toirt agus brú an bhreosla go mór nuair a cuireadh bac ar, nó nuair a múchadh an líne fillte breosla. Chuidigh an ardtheocht chomhthimpeallach agus an sreabhadh aeir guairneánach ar an láthair le hadamh an bhreosla. D'fhéadfadh sé gur adhnadh an breosla trí phríomh-mhalartóir innill Uimh.1 a stuáil. Ba mhó an seans go ndeachaigh sé trí thine tar éis breosla titim ar dhromchlaí te amhail an t-inneall sceite nó cásáil an turbaluchtaire. Nuair a múchadh an t-inneall baineadh foinse an bhreosla den tine agus éifeacht i bhfad níos mó aige sin ná dá n-úsáidfí múchtóirí iniompartha. Mar gheall ar mhéid na tine agus an damáiste ina dhiaidh sin d'inneall Uimh.1 ní féidir suíomh cruinn agus cúis an sceite breosla a chinneadh. Ní féidir a bheith cinnte an raibh baint ag sceitheadh breosla innill Uimhir 1 maidin na hócáide leis an tine, nó nach raibh. Rinneadh an deisiú le gearrthóg phíobáin chun an líne breosla fillte a athcheangal seachas gearrthóg earraigh mar a bhí in úsáid ag an déantóir. Má bhí an ghearrthóg píobáin rótheann, d'fhéadfadh sé go ndearna sé damáiste don phíobán agus gur theip air níos déanaí sa lá. Thagadh línte breosla fillte an innill seo leis an inneall nuair a fuarthas é in 2016.<br><br>Mar gheall ar an aershreabh ó dhoras rochtana innill Uimhir 1, scaip an tine ar dheic na gcarr ar láthair atá oscailte don phobal. Chuir sé seo cosc ar rochtain ar na flapaí dóiteáin taobh calafoirt agus stadanna feananna. Cé gur athraíodh an doras chun dúnadh ar ghníomhachtú an aláraim dóiteáin, sa chás seo bheadh an tine scaipthe go dtí an spás poiblí sula ndúnfaí an doras. I measc na gcóras breosla ar an soitheach seo tá comhla múchta ar an líne fillte. Má dhúntar an chomhla seo fad is atá na hinnill i bhfeidhm, bheadh brú rómhór ar an gcóras breosla as a dtiocfadh cliseadh comhpháirteanna agus sceitheadh breosla suntasach. Tá sé ráite ag na hoibritheoirí go ndearnadh druileanna dóiteáin roimh an eachtra. Níl aon taifead ar na druileanna seo ná ar an méid a bhí i gceist leo. Tar éis eachtra, déantar druileanna ar bhonn seachtainiúil, agus déantar druil amháin ar a laghad in aghaidh na míosa (amhail Duine san Fharraige/ Dóiteáin sa chábán Bearta, ar an Deic Gluaisteán, sa chábán Innill, agus an Long a Fhágáil). Chuir na hoibritheoirí córas bainistíochta sábháilteachta i bhfeidhm freisin chun a chinntiú go ndéantar seiceálacha laethúla agus go bhfuil aistriú cuí idir sealanna oibre curtha i bhfeidhm. Ba cheart do Mháistir an árthaigh fios a chur ar an nGarda Cósta le glao VHF Pan-Pan a luaithe agus a tugadh an tine faoi deara. |


# Comparáid idir Thaismí Muirí 2013 - 2022

| Cineál an Árthaigh | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa Paisinéirí/Árthaí** | | | | | | | | | | |
| Róró (rolladh ann-rolladh as)<br>Idirnáisiúnta | | | | 10 Ghortú | 1 Bhás | | | | | |
| Intíre | | | | 2 Ghortú | | | | | | |
| Soitheach Paisinéirí | | | | 1 Bhás<br>1 Ghortú | | | | | | 1 Ghortú |
| **Fo-Iomlán** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **1 Bhás<br>13 Ghortú** | **1 Bhás** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **1 Ghortú** |
| **Longa Lasta** | | | | | | | | | | |
| Longa Lasta Ginearálta | | | | | | | | | | 1 Ghortú |
| Lasta Ró-Ró | | | | | | | | | | |
| Tancaer | | | | | | | | | | |
| Bulciompróir | | | | | | | | | | |
| Long Choimeádán | | | | | | 1 Bhás | | | | |
| Iompróir Cairr | | | | | | | | | | |
| Píolóta/Báirse Bád Oibre | | | | | | | | | | |
| Ardaitheoir Trom | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **1 Bhás** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **1 Ghortú** |
| **Soithí Iascaireachta** | | | | | | | | | | |
| < 15 méadar | 2 Bhás | 1 Bhás | 1 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 3 Bhás | | 1 Ghortú |
| 15 - 24 méadar | 3 Bhás | | | | | | | 1 Bhás<br>1 Ghortú | 1 Ghortú | 1 Ghortú |
| > 24 méadar | | | 2 Bhás | 2 Bhás | | | | | 1 Ghortú | 2 Ghortú |
| **Fo-iomlán** | **5 Bhás** | **1 Bhás** | **3 Bhás** | **4 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **4 Bhás<br>1 Ghortú** | **2 Ghortú** | **4 Ghortú** |
| **Árthach Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Feithiclí Scairdsciála | | | | | | | | | | |
| Báid/Cadhcanna Oscailte | 1 Bhás | 3 Bhás/<br>1 Ghortú | | 1 Bhás/<br>1 Ghortú | 1 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás/<br>1 Ghortú | | | |
| Mótar (Deice) | | | 2 Bhás | 3 Bhás | | 1 Bhás | 1 Bhás | | | |
| Seol | | 1 Bhás | | | | | | | | |
| Árthach Mearchumachta/RIB | | | | | 2 Bhás | 3 Bhás | | | | |
| **Fo-Iomláin** | **1 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **2 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **3 Bhás** | **5 Bhás** | **4 Bhás<br>1 Ghortú** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** | **Ceann<br>ar bith** |


| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon iomlán na nEachtraí** | 6 | 7 | 7 | 15 | 5 | 5 | 10 | 8 | 8 | 11 |
| **Líon iomlán na mBásanna** | 6 | 5 | 5 | 9 | 6 | 8 | 6 | 4 | 0 | 0 |
| **Líon iomlán na nGortaithe** | 0 | 1 | 0 | 14 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 6 |
| **Líon Iomlán na nÁrthaí a bhí i gceist** | 6 | 7 | 7 | 15 | 5 | 5 | 11 | 8 | 8 | 21 |

# Treochtaí Báis 2013 - 2022


## Longa Paisinéirí Árthaí





## Longa Lasta




## Soithí Iascaireachta




## Árthach Áineasa



# Aguisín A

Rinne an BITM na teagmhais a luaitear thíos a mheas ach níor tugadh faoi aon imscrúdú i dtaca leo. Áirítear leis na teagmhais seo comhoibriú le stáit bhrataí eile nó i gcásanna áirithe uaslódáil sonraí tábhachtacha chuig an Ardán Eorpach um Imscrúdú Taismí Muirí (EMCIP).

| Tagairt BITM. | Ainm an Árthaigh | Dáta | Mionsonraí an teagmhais |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/480 | Wilson Hansa | 19/01/2022 | Fadhb Innill |
| MCIB/13/481 | FV Shauna Leon | 20/01/2022 | Aimhréidh sa lián |
| MCIB/13/482 | FV Sceptre | 06/02/2022 | Soitheach báite |
| MCIB/13/483 | SV Arruno | 09/02/2022 | Soitheach ag imeacht le sruth |
| MCIB/13/484 | FV St. Alour | 08/02/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/485 | FV Mariscador | 10/03/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/486 | MV Alizee | 12/03/2022 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/487 | MV WB Yeats | 13/03/2022 | Damáiste don Árthach |
| MCIB/13/488 | Venture Luck | 09/03/2022 | Soitheach nach raibh faoi cheannas agus a ndeachaigh i dtalamh |
| MCIB/13/489 | FV Le Stiff | 20/03/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/492 | FV Albelo Primero | 31/03/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/493 | MV Stena Estrid | 04/04/2022 | Paisinéir ar iarraidh |
| MCIB/13/494 | FV Hent Ar Mor | 27/03/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/495 | FV Slaatteroy | 15/04/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/496 | FV Nuevo San Juan | 17/04/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/497 | Malahide Estuary | 13/03/2022 | Cadhcanna imithe béal faoi |
| MCIB/13/498 | RNLI Lifeboat D815 | 21/04/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/499 | MV Stena Estrid | 21/04/2022 | Cumhacht caillte sa phríomhinneall |
| MCIB/13/500 | Kethi | 15/04/2022 | Trealamh caillte |
| MCIB/13/501 | Carrickcraft Cruiser | 01/05/2022 | Bhuail an soitheach carraigeacha agus chuaigh uisce isteach |
| MCIB/13/502 | FV Virtuous | 28/05/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/503 | FV Fertile | 30/05/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/504 | FV Piedras | 01/06/2022 | Soitheach báite |
| MCIB/13/505 | Drum Derrig | 14/06/2022 | Soitheach báite |
| MCIB/13/506 | Lady Breda | 19/06/2022 | Rafta tarrthála seolta gan choinne |
| MCIB/13/507 | FV Illunbe | 26/06/2022 | Ball den chriú thar bord |
| MCIB/13/508 | MV Katre | 03/07/2022 | Soitheach ar talamh |
| MCIB/13/510 | Emerald Star Cruiser | 28/06/2022 | Soitheach i bhfostú i gcoinne an droichid |

| MCIB Ref. | Vessel Name | Date | Incident details |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/511 | Mr. B | 08/07/2022 | Tuairiscíodh go raibh an |
| MCIB/13/512 | Houseboat Mollie | 11/07/2022 | Thóg an soitheach uisce isteach agus chuaigh sé i dtalamh |
| MCIB/13/513 | Vessel (no name) | 17/07/2022 | Timpiste bádóireachta |
| MCIB/13/514 | MV Delphine | 17/07/2022 | Cliseadh Innill |
| MCIB/13/515 | Ro-Ro Dublin Swift | 23/07/2022 | Teagmhas seomra innill |
| MCIB/13/516 | FV Argonaut IV | 24/07/2022 | Uisce ag sileadh isteach ar an Soitheach |
| MCIB/13/517 | Yacht Meridan II | 09/07/2022 | Fadhb innill/duine gortaithe |
| MCIB/13/518 | MV Yassy | 28/06/2022 | Teip an ghiarbhosca |
| MCIB/13/519 | MV Roman Rebel | 27/07/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/520 | MV Arklow Spray | 07/05/2022 | Soitheach ar talamh |
| MCIB/13/521 | FV Shauna Leon | 04/08/2022 | Aimhréidh sa lián |
| MCIB/13/522 | Ballybunion Rescue Boat | 02/08/2022 | Soitheach imithe béal faoi |
| MCIB/13/523 | Jean Spier | 02/08/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/524 | FV Carmona | 10/08/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/525 | Northern Maria | 09/08/2022 | Soitheach ar talamh |
| MCIB/13/526 | Heulin Dispatch | 14/08/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/527 | Speedboat | 13/08/2022 | Soitheach báite |
| MCIB/13/528 | FV Monica II | 15/08/2022 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/529 | SV Magoo | 12/08/2022 | Imbhualadh/duine gortaithe |
| MCIB/13/530 | FV Clodagh O | 21/08/2022 | Díchumasaithe agus lián i bhfeidhm |
| MCIB/13/531 | FV Spica | 01/09/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/532 | Spirit of Adventure | 01/09/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/533 | Dinghies in difficulty | 19/08/2022 | Roinnt báidíní i gcruachás |
| MCIB/13/534 | SV Polaris agus FV Kate D | 15/09/2022 | Imbhualadh ar muir |
| MCIB/13/535 | FV Amethyst | 17/09/2022 | Soitheach báite |
| MCIB/13/536 | Small fishing boat | 17/09/2022 | Soitheach imithe béal faoi |
| MCIB/13/537 | FV Independence | 21/09/2022 | Cliseadh Innill |
| MCIB/13/538 | MV Mirror | 29/09/2022 | Cliseadh Innill |
| MCIB/13/539 | FV Dever Ar Mor | 04/10/2022 | Aimhréidh sa lián |
| MCIB/13/540 | Arklow Cliff | 06/10/2022 | Cliseadh Innill |
| MCIB/13/541 | FV Ocean Pioneer | 12/10/2022 | Aimhréidh sa lián |

| MCIB Ref. | Vessel Name | Date | Incident details |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/542 | CT Rotterdam | 19/10/2022 | Soitheach nach raibh faoi cheannas |
| MCIB/13/543 | Clipper Point | 18/10/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/544 | FV Atlantic Drift | 21/10/2022 | Soitheach báite |
| MCIB/13/545 | Austin Lidbury Lifeboat | 29/10/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/548 | FV Dawn Ross | 31/10/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/549 | FV Kristel Patrick | 20/11/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/553 | FV Danny Finn | 02/12/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/554 | FV Grand Saint Bernard | 03/12/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/555 | FV Mairi Maree | 02/12/2022 | Aimhréidh sa lián |
| MCIB/13/556 | FV Mac Dara | 02/12/2022 | Imbhualadh leis an gcé |
| MCIB/13/557 | FV Carmona | 05/12/2022 | Cliseadh Innill |
| MCIB/13/558 | MV Ocean Globe | 14/12/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/559 | Kayak | 29/12/2022 | Teagmhas cadhcála |
| MCIB/13/560 | FV Gracefulmorn 2 | 23/12/2022 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/561 | MS Stena Horizon | 31/12/2022 | Cliseadh cumhachta ar bord |

# Ráitis Airgeadais
2022

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2022

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 31 |
| Ráiteas Faoin Rialú Inmheánach | 35 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 37 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe | 39 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | 40 |
| Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid | 41 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 | 42 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

## Príomhghníomhaíochtaí

Ba í príomhghníomh leanúnach na heagraíochta ná tabhairt faoi imscrúduithe i dtaca le taismí muirí a tharlaíonn d'árthaí nó ar bord árthaí atá cláraithe in Éirinn ar fud an domhain agus árthaí eile in uiscí teorann agus in uiscebhealaí intíre na hÉireann.

## Rialachas

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoi Roinn 7 (1) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Acht 2000 agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingsiú Ceannaíochta) (Tionóiscí a Imscrúdú), 2011 agus in Acht na gComhphobal Eorpach 1972, i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingsiú Ceannaíochta)(Tionóiscí a Imscrúdú) (Leasú), 2020 agus san Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú)(Leasú), 2022. Freagraíonn an Bord don Aire Iompair agus tá freagracht air i ndáil le dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin agus cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha á leagan síos aige agus cinntí straitéiseacha á ndéanamh maidir le gach ceist thábhachtach ghnó. Tá freagracht ar Chomhaltaí an Bhoird agus ar Rúnaíocht an Bhoird i ndáil le BITM a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh ó lá go lá.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá feidhmiú agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais, ina bhfuil ceisteanna atá curtha ar leataobh go sonrach do chinneadh an Bhoird. Ar na míreanna seasta atá á gcur san áireamh ag an mBord, tá:

- dearbhú leasanna
- clár riosca,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíocha,
- tuarascálacha imscrúdaithe.

Éilíonn Alt 20(1) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 go ndéanfaidh an Bord cuntais chuí a choimeád ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé, i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, éilítear ar Bhord an BITM:

- beartais chuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh mar atá, agus
- ráiteas a dhéanamh faoi, ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe maidir le haon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, a thugann léargas, le cruinneas réasúnach, ar stádas airgeadais an Bhoird ag am ar bith agus a chuirfidh i bhfios go réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt

20(1) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ardchaighdeán an chomhlachta chorparáidigh agus na sonraí airgeadais ar shuíomh gréasáin an BITM.

Is í an Roinn Iompair (DoT) atá freagrach as an mbuiséad bliantúil a dháileadh. Tugann an BITM cuntas maidir lena caiteachas don DoT ag tús na bliana. De dheasca an chineáil oibre atá idir lámha ag an BITM, níl sé ar chumas an Bhoird tabhairt faoi phleanáil ná faoi bhuiséadú le cinnteacht don bhliain atá le teacht. Mar thoradh air seo, níor bhain an Bord feidhm as a Bhuiséad mar chomparáid ar mhaithe lena athbhreithniú ar dhul chun cinn an BITM in 2022.

Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Is é dearcadh an Bhoird ná go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí ag 31 Nollaig 2022.

## Cur i bhfeidhm

De réir Alt 1.19 den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ("an Cód"), tá sé de dhualgas ar lucht bainistíochta gach comhlachta Stáit tacú leis an straitéis a chur i bhfeidhm trí bhíthin timthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe. Tá sé de cheangal ar Bhoird comhlachtaí Stáit plean bliantúil agus/nó buiséad bliantúil a cheadú agus measúnú foirmiúil a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar fheidhmíocht agus sin a dhéanamh trí thagairt don phlean agus/nó don bhuiséad. De bharr chineál na hoibre a dhéanann an BITM, is é sin imscrúdú a dhéanamh ar thaismí muirí a tharlaíonn d'árthaí, nó ar bord árthaí, atá cláraithe in Éirinn agus a tharlaíonn d'árthaí eile in uiscí teorann agus uiscebhealaí intíre na hÉireann, ní féidir leis an mBord pleanáil ná buiséadú a dhéanamh go cinnte don bhliain atá le teacht.

## Struchtúr an Bhoird

Bíonn 5 chomhalta ar a laghad ar an mbord agus 7 gcomhalta ar a mhéid, agus na comhaltaí sin á gceapadh ag an Aire.

| COMHALTA BOIRD | RÓL | DÁTA CEAPTHA / DEIREADH TÉARMA |
|---|---|---|
| Claire Callanan | Cathaoirleach | Ceaptha Eanáir 2019 |
| Dorothea Dowling | Leaschathaoirleach | Ceaptha Aibreán 2017 |
| Frank Cronin | Gnáthchomhalta | Ceaptha Aibreán 2017 |
| Keith Patterson | Gnáthchomhalta | Arna ceapadh Iúil 2022 |

Ar an 9 Iúil 2020 rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nár cuireadh Airteagal 8 (1) de Threoir 2009/18/CE i bhfeidhm i gceart in Éirinn. D'aithin an cinneadh, a rinneadh i gcoinne na hÉireann (seachas an BITM) i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/18/CE an 23 Aibreán 2009, coinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann agus go gcaithfí neamhspleáchas struchtúrach a ráthú. Tugtar achoimre ar an mbreithiúnas mar seo a leanas; Mar thoradh ar bheirt státseirbhíseach, atá freagrach as an DTTS agus as Oifig na Suirbhéireachta Muirí faoi seach, a bheith i láthair laistigh de BITM, daoine bainteach le húdaráis phoiblí a bhféadfadh a leasanna teacht salach ar an gcúram a chuirtear ar BITM, ní féidir a bheith cinnte den neamhspleáchas in eagrú agus i gcinnteoireacht an chomhlachta. Níor cuireadh aon fhianaise chun cinn ar chor ar bith maidir le coinbhleachtaí den sórt seo laistigh de BITM agus ní dhearnadh aon ghearán go sainráite faoi neamhspleáchas an struchtúir dhlíthiúil.

Tar éis tabhairt faoi athbhreithniú ar an gcinneadh, tá bearta agus nósanna imeachta breise curtha chun feidhme ag an mBord ar mhaithe le hoibriú éifeachtach leanúnach a chinntiú ar bhealach níos fearr agus comhlíonadh leis an Treoir mar a thuigeann an CJEU anois é.

Thug an Stát aghaidh ar thorthaí na Cúirte trí rialacháin leasaithe a dhéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (IR Uimh. 444 de 2020) chun a dhearbhú nach féidir le daoine a chomhlíonann ceachtar den dá phost a cheapadh mar chomhaltaí Boird a thuilleadh ar mhaithe le himscrúduithe a thagann faoi raon feidhme na Treorach.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird 2022 amach i Nóta 5 de na ráitis airgeadais agus tugtar mionsonraí i dtaca leis na táillí agus caiteachas a thagann isteach ó gach comhalta le linn na bliana.

## Athbhreithniú Feidhmíochta

Tá an Bord tar éis oibriú i gcomhar le cuntasóir seachtrach chun cabhrú leo measúnú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh. Tugadh an t-athbhreithniú chun críche agus d'fhaomh an Bord an tuarascáil i mBealtaine 2023.

## Príomhathruithe Pearsanra

Ceapadh Keith Patterson mar Chomhalta Boird i mí Iúil 2022. Ní raibh aon athruithe tábhachtacha eile pearsanra sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## Coistí

Níl aon choistí i bhfeidhm. Bronnadh maolú leanúnach ar an BITM i dtaca leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca maidir leis na struchtúir agus nósanna imeachta reatha atá i bhfeidhm laistigh ar mhaithe le maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca.

## Nochtuithe a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá sé de fhreagracht ar an mBord a chinntiú go gcloíonn an BITM le riachtanais an Chóid, mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Thabhaigh foireann agus comhaltaí boird €676 le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022 (2021: nil).

### Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta, comhairle sheachtrach don bhainistíocht, gan fheidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre bheith san áireamh.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Moltaí sainchomhairleachta maidir leis an bpróiseas reachtach agus ábhair eile a bhaineann leis | 62,662 | 3,690 |
| Iomlán | 62,662 | 3,690 |

Baineann táillí dlí agus gairmiúla €24,300 (2021: €77,121) le caiteachas ar phróisis a seachfhoinsíodh faoi 'fheidhmeanna na gnáthoibre'. Bronnadh 80% dá gcostais dhlithiúla ar an BITM i dtaca le himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh agus rinneadh é a chosaint go rathúil.

### Caiteachas Fáilteachais

B'ionann caiteachas fáilteachais i rith na bliana agus €933 (2021: €273). Baineann caiteachas fáilteachais le costais a thabhaítear do chruinniú Boird.

## Nochtaí Breise

Déantar nochtadh i dtaca le briseadh síos ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe a chur san áireamh le Nóta 4 sa Ráiteas Airgeadais.

Ní fhoilsítear nochtaí eile atá de dhíth de réir an Chóid maidir le costais dlí agus socraíochtaí, fáilteachais, agus íocaíochtaí foirceanta/ téarfa agus comhaontuithe, toisc nach bhfuil caiteachas tabhaithe i dtaca leis na catagóirí seo sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

## Ráiteas Comhlíontachta

Tá An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíonfar an Cód. Bronnadh maolú leanúnach ar an BITM i dtaca leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca maidir leis na struchtúir agus nósanna imeachta reatha atá i bhfeidhm laistigh ar mhaithe le maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca.

Tá na maoluithe maidir le forálacha faoi leith den Chód, atá curtha ar fáil don BITM, toisc go bhfuil sé beag agus toisc a chineál, léirithe i bhfoirm liosta thíos:

- Iniúchadh Inmheánach, agus Coiste Iniúchta agus Riosca[1]
- Éadáil Réadmhaoine agus Diúscairt Réadmhaoine Barrachais
- Éadáil Talún, Foirgneamh, agus Sócmhainní Maoine eile
- Breithmheas ar Infheistíocht Chaipitil
- Éagsúlú, Bunú Fo-chuideachtaí agus Éadálacha ag Comhlachtaí Stáit
- Diúscairt Sócmhainní Stáit
- Comhlíonadh úsáid Ceanglas Ceantála nó Tairisceana[2]
- Ráiteas Inghlacthachta Riosca

Ceapann an BITM gnólacht cuntasóirí a ullmhaíonn na Ráitis Airgeadais gach bliain agus cuidíonn siad leis an BITM le linn an phróisis iniúchta. Tá foireann ar leith ón ngnólacht cuntasaíochta ceaptha chomh maith chun tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar rialú airgeadais inmheánach an BITM.

Coinníonn an BITM clár rioscaí, a ndéantar athbhreithniú air mar mhír sheasta ag gach cruinniú Boird.

Tugadh comhaontú maoirseachta BITM chun críche ar an 6 Bealtaine 2022 tar éis plé agus athbhreithniú i gcomhar le RITS.

Claire Callanan
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2023

1. Coinníonn an BITM clár riosca agus Beartas Riosca.
2. Baineann an maolú seo le 8.36 – 8.43 den Chód Cleachtais agus ní théann sé chomh fada le tairiscintí a lorg do cheisteanna a bhain le cláir leanúnacha an BITM.

# Ráiteas Faoin Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann BITM, aithním an fhreagracht atá ar an mBord lena chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh a oibríonn agus a fheidhmíonn go héifeachtach. Cuireann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta, seachas é a chur as an áireamh. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, in áit dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnófar sócmhainní, go ndéanfar idirbhearta a cheadú agus a thaifead i gceart agus go ndéanfar botúin nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a chloíonn le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in BITM don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus go dtí an dáta a dhéanfar na ráitis airgeadais a fhaomhadh.

## Cumas chun Riosca a láimhseáil

Toisc é a bheith beag, rinneadh maolú a dheonú don BITM ón Roinn Iompair maidir le feidhm Iniúchta Inmheánaigh. Tá cuntasóirí seachfhoinsithe ceaptha ag an BITM i láthair na huaire chun tabhairt faoi iniúchadh inmheánach.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an BITM, a dhéanann na príomhrioscaí a aithint agus a thuairisciú agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca curtha i bhfeidhm, lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an BITM agus rinneadh na rioscaí sin a aithint, rinneadh athbhreithniú orthu agus rinneadh iad a ghrádú de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú ar an gclár ar bhonn ráithiúil, is mír bhuan é ar chlár oibre an Bhoird má theastaíonn coigeartuithe idir athbhreithnithe. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht déanta ar na rioscaí ar leibhéal sásúil.

Sonraítear na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú, mar aon leis na freagrachtaí a bhíonn ar bhaill foirne ar leith maidir le as feidhmiú na rialuithe sin sa chlár rioscaí. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm agus na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm inti:

- tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- leagadh freagrachtaí airgeadais ar dhaoine ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leis sin,
- Soláthraíonn an Roinn Iompar buiséad bliantúil neamhphá de €598,000 do BITM le haghaidh imscrúduithe agus caiteachas gnó eile. Tarraingítear an buiséad anuas de réir mar a shroicheann iarmhéid bainc an BITM thart ar €50,000. Má bhíonn iarmhéid leordhóthanach ann ag deireadh na bliana agus más féidir leis an BITM a dheimhniú nach mbeidh airgead breise de dhíth, coinníonn an Roinn farasbarr an deontais nár tarraingíodh anuas.
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla do phróisis rialaithe mhonatóireachta agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más cuí, ar bhonn tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- is féidir feidhm a bhaint as tuairisciú oibríochtúil gnó chun teacht ar dheimhniúchán i dtaca leis an mbealach a bhfuil rioscaí á mbainistiú,
- déantar faireachán agus athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí lucht bainistíochta lena chinntiú go bhfuil socruithe maidir le cáilíocht á gcomhlíonadh i gcomhréir le hionchais i leith réimsí sonracha riosca, agus
- tugann cuntasóirí neamhspleácha faoi athbhreithnithe ar rialú inmheánach ar bhonn bliantúil.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BITM chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chomhlíon BITM na nósanna imeachta sin le linn 2022.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an BITM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta agus rialaithe um bainistíocht riosca. Tá eolas ag gach ball den Bhord ar gach caiteachas a rinne an BITM ar chomhlíonadh a róil reachtúil agus déanann Rúnaí an Bhoird iad a uasdátú ar bhonn leanúnach agus ag gach cruinniú míosúil den Bhord, i dtaca le gach íocaíocht a dhéantar agus aon saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chúrsaí airgeadais an BITM. Ní mór do bheirt chomhaltaí de chuid an Bhoird gach íocaíocht a fhaomhadh agus a údarú ar chóras baincéireachta ar líne de chuid AIB.

Cuirtear eolas breise ar fáil i dtaca leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a dhéanann an BITM ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh le hobair na n-iniúchóirí seachtracha, na cuntasóirí seachtracha a dhéanann athbhreithniú ar an bhfeidhm rialaithe inmheánaigh, ardbhainistíocht taobh istigh den BITM atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh do 2022 bunaithe ar nósanna imeachta BITM atá i bhfeidhm chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ghnó agus ar chaiteachas leanúnach an Bhoird, agus ar thuarascáil na gcuntasóirí a bhí fostaithe i mí Feabhra 2023 chun athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha. Rinne an Bord dréacht-tuarascáil an Athbhreithnithe ar Rialú Inmheánach a bhreithniú agus a fhaomhadh ag cruinniú an Bhoird ar an 9 Bealtaine 2023. Tá an Bord sásta go bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm láidir agus éifeachtach.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2022 lena néilítear nochtadh sna Ráitis Airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Claire Callanan
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2023

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí, Tithe an Oireachtais

## Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí iniúchta agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 faoi fhorálacha Roinn 20 d'Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2022 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA)102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

## An bonn atá leis an tuairim

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ón mBord um Imscrúdú Taismí Muirí agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Georgina O Mahony

Georgina O Mahony

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste
15 Meitheamh 2023

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar a mhionsonraítear sa ráiteas rialachais agus tuairisc chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhonn chuntasaíochta an ghnóthais leantaigh iomchuí nó nach bhfuil, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm faoi alt 20 d'Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais BITM agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CIIanna míráiteas ábhartha i gcónaí más ann dó. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó as earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, dá luífeadh sé le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí, a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCIIanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus measúnaím na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide; dearaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná míráiteas a d'eascródh as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ábhartha ar rialú inmheánach an chomhlachta don iniúchadh, chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach don chás, seachas chun tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta atá in úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíocht agus nochtaí gaolmhara.
- Tagaim ar thátal maidir le hoiriúnacht an ghnóthais leantaigh a úsáidtear mar bhunús cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, ar cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i ndáil le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh mar ghnóthas leantach ar chumas an BITM leanúint ar aghaidh. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de dhualgas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, mo thuairim a athrú. Tá na conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta na tuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh an toradh a bheith le himeachtaí nó cúinsí sa todhchaí nach leanfadh BITM ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an léiriú, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear an nochtadh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram rialachais orthu i dtaca le, i measc rudaí eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach i rialú inmheánach a aithním le linn an iniúchta.

Déanaim tuairisc trí eisceacht, más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní dhéanaim aon chonclúid dearbhaithe ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi réir na CIInna aon fhaisnéis eile a cuireadh faoi mo bhráid a léamh. Agus é sin a dhéanamh, ní mór dom a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuair mé le linn an iniúchta, nó an bhfuil cuma ar an scéal go bhfuil míshonrú ábhartha inti ar bhealach eile. Sa chás go gceapaim go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Má aithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach ar seoladh gnó poiblí, déanaim é sin a thuairisciú.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Má aithním aon chás inar úsáideadh airgead poiblí d'fheidhm nach raibh beartaithe nó murar chloígh idirbhearta leis na húdaráis a mbíonn á rialú, déanaim é sin a thuairisciú.

# Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022 € | BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais (Vóta 31, fo-cheannlíne C3) | | 370,575 | 318,404 |
| | | 370,575 | 318,404 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail na Foirne | 4 | 132,190 | 136,480 |
| Foireann Shealadach | 4 | 22,398 | 7,828 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 5 | 24,617 | 20,948 |
| Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht | | 14,403 | 17,618 |
| Dearadh Gréasáin | | 1,722 | 1,775 |
| Speansais Imscrúdaithe Timpistí | 3 | 63,061 | 82,373 |
| Fógraíocht | | 2,162 | 2,074 |
| Aistriúchán | | 2,815 | 1,522 |
| Léarscáileanna/Cairteacha | | 1,107 | 823 |
| Táillí Dlí & Gairmiúla | | 24,300 | 77,121 |
| Moltaí sainchomhairleachta maidir leis an bpróiseas reachtach agus ábhair eile a bhaineann leis | | 62,662 | 3,690 |
| Cuntasaíocht | | 5,233 | 8,342 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 8,700 | 7,900 |
| Táillí Bainc | | 381 | 318 |
| Oiliúint | | 23,881 | - |
| Speansais Ilchineálacha | | 136 | 1,391 |
| | | 389,768 | 370,203 |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | (19,193) | (51,799) |
| Easnamh Carnach 1 Eanáir | | (107,518) | (55,719) |
| Easnamh Carnach 31 Nollaig | | (126,711) | (107,518) |

Is cuid de na Ráitis Airgid seo na Ráitis faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10.

Claire Callanan
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2023

Margaret Bell
Rúnaí
14 Meitheamh 2023

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais


Ar an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 31 NOLLAIG 2022<br>€ | 31 NOLLAIG 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Rialta** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 492 | 492 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim | | 11,753 | 24,203 |
| | | 12,245 | 24,695 |
| **Creidiúnaithe** –costais a bheidh le híoc laistigh de bhliain amháin | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 2 | (138,956) | (132,213) |
| **Luach Reatha** (Dliteanais) | | (126,711) | (107,518) |
| **A Fhreagraíonn do** | | | |
| Easnaimh Charntha tugtha ar aghaidh | | (107,518) | (55,719) |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | (19,193) | (51,799) |
| Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | | (126,711) | (107,518) |

Is cuid de na Ráitis Airgid seo na Ráitis faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10.



Claire Callanan
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2023



Margaret Bell
Rúnaí
14 Meitheamh 2023

# Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

Ar an 31 Nollaig 2022

| | 31 NOLLAIG 2022 € | 31 NOLLAIG 2022 € |
|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Airgead Tirim (caite ar) oibríochtaí | (19,193) | (51,799) |
| Méadú / (Laghdú) Infhháltais | - | 914 |
| (Ardú) / (Ísliú) i Suimeanna Iníoctha | 6,743 | 30,290 |
| **Eis-sreabhadh/ (insreabhadh) airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | (12,450) | (20,595) |
| **Airgead tirim, glan a chaitear ar ghníomhaíochtaí infheistíochta** | - | - |
| **Airgead tirim, glan a chaitear ar ghníomhaíochtaí airgeadais-** | - | |
| **Ardú/(Ísliú) glan maidir le hairgead agus coibhéisí airgid** | (12,450) | (20,595) |
| Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana | 24,203 | 44,798 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | 11,753 | 24,203 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

## Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn chun críocha cuntasaíochta arna ghlacadh ag an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Thosaigh an Bord ag feidhmiú ar an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmeálta é ar an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a eascraíonn astu.

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais BITM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA).

Tá Bord an aonáin a bhí in oifig ar an dáta ar a ndearnadh na Ráitis Airgeadais seo a fhaomhadh, freagrach as comhlíonadh an aonáin sin i dtaca lena cheanglas ábhartha a chinntiú agus deimhníonn muid comhlíonadh an aonáin le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016).

### c) Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

An 9 Iúil 2020, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann i ndáil le gné amháin de chur chun feidhme Threoir 2009/18/CE. Tar éis anailís dlí a dhéanamh ar an gcinneadh sin, d'éirigh beirt de Chomhaltaí an Bhoird (an Príomh-Shuirbhéir agus ainmní an Ard-Rúnaí) as an mBord i mí Iúil 2020.

Dá bhrí sin, in 2021, rinne an Roinn Iompair athbhreithniú ar na struchtúir eagraíochtúla reatha atá mar bhonn agus mar thaca ag imscrúdú taismí muirí in Éirinn de réir oibleagáidí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta. Ba é príomhsprioc an athbhreithnithe ná struchtúir reatha oibriúcháin d’imscrúdú taismí muirí in Éirinn a mheas, agus aon mholtaí a leagan amach lena chinntiú go gcuirfí na struchtúir ab éifeachtaí agus ba chuí i bhfeidhm i dtaca le himscrúduithe taismí muirí, agus go gcuirfí oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus oibleagáidí an AE san áireamh agus na struchtúir á meas. Ar cheann de na moltaí a leagadh amach san athbhreithniú bhí bunú Aonad um Imscrúdú Timpistí Mara (AITM).

I mí na Nollag 2022, d'fhaomh an Rialtas dréachtú Bille Loingis Cheannaíochta (Timpistí Mara a Imscrúdú), chun foráil a dhéanamh maidir le bunú AITM laistigh den Roinn Iompair. Forálann an Scéim Ghinearálta do bhunú an Aonaid um Imscrúdú Timpistí Muirí (AITM) laistigh den Roinn Iompair. Tiocfaidh AITM in áit BITM mar bhuanchomhlacht a bheidh freagrach as imscrúduithe timpistí muirí. Is é príomhfhócas an Bhille ná creat riachtanach a chur ar fáil do AITM chun a chinntiú gur féidir leis feidhmiú go neamhspleách ina eagrú, ina struchtúr dlíthiúil agus ina chinnteoireacht maidir le páirtithe a bhféadfadh a leasanna teacht salach ar na cúramaí a bheadh orthu. Tugann an Scéim Ghinearálta an t-údarás chun rialacha a dhéanamh don Aire Iompair chun an reachtaíocht thánaisteach riachtanach a dhéanamh chun soithí seirbhíse eischósta agus pearsanra tionsclaíoch a rialáil.

Tá tús curtha le dréachtú an Bhille i gcomhar le hOifig an Ard-Aighne agus tá an Scéim Ghinearálta seolta chuig an gComhchoiste Oireachtais um Iompar agus Cumarsáid le haghaidh grinnscrúdú réamhreachtach. Díscaoilfear an BITM nuair a bheidh an tAonad sin bunaithe.

**d) Bunús an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe a ndéantar measúnú orthu ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach na beartais chuntasaíochta seo a leanas chun déileáil leis na nithe a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí.

**e) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais**

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go 31 Nollaig 2022.

**f) Airgeadra**

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (•). Is é Euro airgeadra feidhmeach an bhoird.

**g) Deontais ón Oireachtas**

Freagraíonn ioncam ó dheontais oireachtais d'airgead tirim agus costais tuarastail (do bhaill foirne atá ar iasacht) a tháinig isteach i gcaitheamh na bliana ón Roinn Iompair, agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair i rith na bliana ar son fhoireann* an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí.

**h) Costais Imscrúduithe a Shainaithint**

Déantar costais a bhaineann le himscrúduithe leanúnacha, a fhabhrú ag deireadh na bliana, bunaithe ar chostais mheasta in aghaidh an imscrúdaithe. Tugann imscrúdaitheoirí sonrasc don BITM nuair a bhíonn imscrúduithe tugtha chun críche. Déantar caiteachas eatramhach agus costais taistil a íoc de réir mar a dhéantar iad a thabhú.

**i) Aoisliúntas**

Clúdaítear foireann na Roinne a ceapadh chun feidhmiú mar Rúnaíocht don BITM i socruithe pinsin ábhartha na Roinne. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar an mBord do Phinsin.

**j) Airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim**

Áirítear leis an airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim aon iarmhéid airgid, taiscí coimeádta faoi ghlaoch ag bainc, agus infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil aibíochtaí tosaigh de thrí mhí nó níos lú acu, chomh maith le rótharraingtí bainc. Léirítear rótharraingtí bainc laistigh de na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

## Nóta 2. Creidiúnaithe – suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Fabhruithe | 131,192 | 126,515 |
| Suimeanna Iníoctha | 2,460 | - |
| CSSG | 5,304 | 5,698 |

| | | |
|---|---|---|
| San áireamh le caiteachas fabhraithe tá suimeanna a bhaineann le: | | |
| Cuntas rialaithe ÍMAT | - | 7,212 |

## Nóta 3. Speansais Imscrúdaithe Timpistí

I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022, chuir an Bord 7 n-imscrúdú i gcrích agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha maidir le gach ceann díobh. Ba é costas iomlán na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích in 2022 ná €63,061. Foilsíodh 3 thuarascáil eatramhacha ar imscrúduithe leanúnacha in 2022. Ar an 31 Nollaig 2022, bhí 13 imscrúdú idir lámha agus gan iad a bheith tugtha chun críche. Is é costas ionchasach na hoibre seo ná €94,750 agus tá sé seo curtha san áireamh i bhfigiúr an chaiteachais fhabhraithe i nóta 2. Déantar costais imscrúdaithe a fhabhrú sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas.

Cuirtear costais taistil agus chothaithe arna dtabhú ag imscrúdaitheoirí san áireamh sna speansais imscrúdaithe freisin agus is é an costas a bhaineann leo ná €5,830 (2021:

€5,040) - mar gheall ar chinneadh a rinne an Bord i mí na Nollag 2020 go n-aisíocfar imscrúdaitheoirí as caiteachas T&C deimhnithe comhaontaithe ar rátaí Státseirbhíse.

## Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

### Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta in BITM comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird agus na foirne bainistíochta sinsearaí. Tá luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Chuir an Roinn Iompair foireann bhuan Rúnaíochta de thriúr ar fáil. Fuair an Roinn na costais foirne ar ais ó leithdháileadh deontais an Bhoird. Cheap an Roinn Iompair 3 bhall foirne don Bhord ag deireadh 2022 agus 2 bhall foirne ag deireadh 2021.

Le linn na bliana bhí ball foirne sealadach de dhíth agus íocadh an táille aonair seo, €22,398 le maoiniú a bhí ar fáil don Bhord um Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá líon na foirne ag gach banda pá mionsonraithe sa tábla thíos.

| Sochair ghearrthéarmacha fostaí**<br>€ | 2022<br>Líon na bhfostaithe sa bhanda | 2021<br>Líon na bhfostaithe sa bhanda |
|---|---|---|
| 0 – 59,999 | 2 | 3 |
| 60,000 – 69,999 | - | - |
| 70,000 – 79,999 | 1 | - |
| > 80,000 | - | - |

**Tabhair do d'aire: Chun críche an nochta seo, áirítear ar na sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe, liúntais tuarastail ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh

## Nóta 5. Comhaltaí Boird

Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta chun tabhairt faoi athbhreithniú ar a chuid feidhmíochta agus reáchtáladh 11 ghnáthchruinniú in 2022. Ar an 31 Nollaig 2022 bhí 4 bhall san iomlán ar an mBord.

Bhí na táillí iníoctha leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Bhoird do 2022 ag rátaí atá ceadaithe agus atá faofa ag an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Fuair an Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird táille pro rata.

**Tá sceideal Tinrimh agus Táillí 2021 leagtha amach thíos:**

| Comhalta Boird | Líon cruinnithe ar a fhreastail an comhalta | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Claire Callanan | 11/11 | 8,978 | 8,978 |
| Frank Cronin | 11/11 | 5,985 | 5,985 |
| Dorothea Dowling | 11/11 | 5,985 | 5,985 |
| Keith Patterson | 5/5 | 2,993 | - |
| **Iomlán na dTáillí** | | **23,941** | **20,948** |

Íoctar ráta bliantúil le comhaltaí an bhoird, ar bhonn pro rata, ní in aghaidh an tinrimh ag cruinnithe. Léiríonn na suimeanna a nochtar thuas na suimeanna comhlána atá iníoctha le comhaltaí.

**Íocadh €676 costas taistil le comhaltaí an Bhoird in 2022 de réir costais a bhain le freastal ar Chruinnithe an Bhoird le linn 2022.

## Nóta 6. Gnóthas leantach

Sa bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022, chuir an Bord easnamh oibriúcháin ar luach €19,193 in iúl agus easnamh carntha ar luach €107,518 do 2002 – 2021. Fuarthas maoiniú in 2022 agus táthar ag súil leis go bhfaighfear maoiniú amach anseo le cinntiú gur féidir leis an mBord gach dliteanas atá aige a íoc.

## Nóta 7. Costais oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair áitreabh ar fáil don Bhord saor in aisce, lena n-áirítear úsáid sócmhainní seasta, ag áitreabh na Roinne ar Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.

Maoiníonn an Bord a chuid costais oibriúcháin féin ach amháin na seirbhísí seo a leanas a sholáthraíonn an Roinn Iompair saor in aisce:

- TF & Teileafón
- Costais phostais, stáiseanóireachta & priontála inmheánaigh (seachas costais a bhaineann le himscrúduithe)
- Glantachán
- Costais oifige eile lena n-áirítear solas agus teas.

## Nóta 8. Cáin

De réir Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon cháin agus ní gá é a shonrú sna ráitis airgeadais.

## Nóta 9. Comhaltaí Boird: Nochtadh Leasanna

Tá nósanna imeachta glactha ag na comhaltaí boird ar fad de réir Alt 17 agus 18 den Acht um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Déanann an Bord a ghnó ar bhealach atá neamhchlaonta agus a fheictear a bheith neamhchlaonta de réir Chód Iompair Ghnó an BITM (féach ar www.mcib.ie). Is éard atá i gceist leis an gCód ná tacar comhaontaithe prionsabal eiticiúil a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hobair an Bhoird a chur chun cinn; muinín i leith an Bhoird a chur chun cinn agus a chothabháil; agus cosc a chur le nósanna imeachta mí-eiticiúla a mbeadh an bord á bhforbairt nó a mbeidís ag glacadh leo. Cuireann comhaltaí boird Rúnaí an Bhoird ar an eolas maidir le haon choimhlint leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus fanfaidh siad ó chruinniú Boird nuair a thagann coimhlint leasa chun cinn.

Soláthraíonn gach comhalta den Bhord foirm Ráiteas Leasanna comhlánaithe don Rúnaí ar bhonn bliantúil, ar an 31 Eanáir ar a dhéanaí, agus ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 - Ráitis Leasanna Bliantúla á gcomhlíonadh acu. Déantar freagraí de náid a chur isteach chomh maith.

## Nóta 10. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 14 Meitheamh 2023.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01-678 3485. Facs: 01-678 3493. www.mcib.ie